piab

Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries Assessment Board*



# *Ag Déanamh Difear i nDíobhálacha Pearsanta*

Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

**Tuarascáil Bhliantúil 2021**

# Próiseas Éileamh 5 Chéim

**Iarratas ar Dhámhachtain**

## Céim 1
### An tIarratas

Má tharla timpiste duit agus más maith leat éileamh a chur isteach:

- Comhlánaigh foirm iarratais **(Foirm A)**
- Cuir isteach do thuairisc leighis *(ó do chleachtóir cóireála)*
- Íoc an táille iarratais €45 *(€90 má tá iarratas á dhéanamh agat tríd an bpost)*

## Céim 2
### Fógra Foirmiúil

Eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil ar a dtugtar 'Fógra Foirmiúil' don duine a mheasann tú atá freagrach as do thimpiste (Freagróir) agus/nó a árachóir

- Tá 90 lá ag an bhFreagróir chun freagra a thabhairt ag léiriú cibé an mian leo go ndéanfadh PIAB an t-éileamh a mheas nó nach mian
- Más amhlaidh gur mian, íocann an Freagróir táille €1,050 agus fáltais PIAB
- Mura mian, eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil duit ar a dtugtar "Údarú' a chuireann ar do chumas an t-ábhar a thabhairt chun cúirte más mian leat

## Céim 3
### Próiseas Éileamh

Mar chuid den phróiseas seo, ceanglófar ort:

- Freastal ar scrúdú/ scrúduithe dochtúra neamhspleácha (más ábhartha)
- Sceideal comhlánaithe Damáistí Speisialta agus Teastas Caillteanais Ioncaim (foirmeacha le haghaidh costais as póca, caillteanas ioncaim srl.)

## Céim 4
### Measúnú Éileamh

Nuair a fhaighimid gach faisnéis, féadfaidh PIAB dul ar aghaidh le d'éileamh a mheasúnú. Beidh an méid seo a leanas i gceist leis:

- Measúnú ar d'éileamh bunaithe ar na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta
- Eiseoidh PIAB Fógra Dámhachtana duit féin agus don fhreagróir. Beidh deis ag gach páirtí an measúnú a athbhreithniú agus an dámhachtain a ghlacadh nó a dhiúltú *(Tá 28 lá ag an Éilitheoir agus tá 21 lá ag an bhFreagróir)*

## Céim 5
### Dámhachtain nó Údarú

Má ghlacann gach páirtí lenár measúnú:

- Eisíonn PIAB "Ordú le hÍoc' (a bhfuil an stádas céanna aige le hOrdú Cúirte) don fhreagróir nó dá árachóirí á threorú dóibh an tsuim a dhámhaimid ort a íoc

Mura **nglacann páirtí amháin nó gach páirtí lenár** measúnú:

- Eiseoidh PIAB doiciméad dlíthiúil duit ar a dtugtar "Údarú' a chuireann ar do chumas an t-ábhar a thabhairt chun cúirte más mian leat

Nóta: Leagan simplithe é seo dár bpróiseas. Déantar gach iarratas a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus féadfaidh eisceachtaí a bheith i bhfeidhm. Le haghaidh tuilleadh sonraí ar ár bpróisis, téigh chuig ár láithreán gréasáin **www.piab.ie**

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Cé Sinne agus an Méid a Dhéanaimid | 2 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 6 |
| PIAB de réir uimhreacha – 2021 | 10 |
| 1. Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta | 12 |
| 2. Éilimh agus Dámhachtainí | 16 |
| – Forbhreathnú | 16 |
| – Súil Níos Géire | 25 |
| • **Dliteanas Mótair** | **25** |
| • **Dliteanas Fostóirí** | **27** |
| • **Dliteanas Poiblí** | **29** |
| 3. Díobhálacha Pearsanta: Tírdhreach atá ag Forbairt | 32 |
| 4. Nuálaíocht agus Sármhaitheas Custaiméirí | 34 |
| 5. Ár nDaoine | 36 |
| 6. Rialachas agus Ráitis Airgeadais | 38 |

# Cé sinne:

**Is é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta na hÉireann a dhéanann measúnú ar éilimh díobhála pearsanta. Bunaíodh PIAB in 2004 chun tacú le réitigh chothroma phrasa oscailte a fháil ar éilimh díobhála pearsanta gan dlíthíocht nach bhfuil gá léi a dhéanamh.**

Is comhlacht poiblí féinmhaoinithe é PIAB agus tá sé ina dhlúthchuid maidir le hathchóiriú na hearnála árachais agus timpeallacht na ndíobhálacha pearsanta. Gineann PIAB na milliúin euro i gcoigilteas a chaithfí ar éilimh a phróiseáil murach sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais níos airde ar shealbhóirí polasaithe.

# An Méid a Dhéanaimid:

- Déanann PIAB measúnú neamhspleách ar éilimh ar chúiteamh a éiríonn as díobhálacha pearsanta a tharla mar thoradh ar:
  - **Dliteanas Mótair**
  - **Dliteanas Fostaithe (Timpistí San Ionad Oibre)**
  - **Dliteanas Poiblí**
- Is é an toradh a bhíonn ar ár bpróiseas ná réiteach níos praise, níos comhsheasmhaí agus níos saoire ar éileamh a théann chun tairbhe do na páirtithe go léir agus don tsochaí.
- Tá ár measúnuithe cúitimh cóir, neamhspleách agus neamhsháraíochta.
- Bainimid úsáid as na Treoirlínte ceannanna céanna leis na Cúirteanna chun leibhéil chúitimh a ríomh.
- Is saoire agus is tapúla éileamh a réiteach trí PIAB seachas dlíthíocht de réir taighde a rinne Banc Ceannais na hÉireann.
- Bailíonn agus déanann PIAB anailís ar shonraí maidir le héilimh agus dámhachtainí díobhála pearsanta freisin chun cabhrú le cur le trédhearcacht níos fearr san earnáil.

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Ba bhliain í 2021 inar tharla athrú ó bhonn maidir leis an gcóras Díobhálacha Pearsanta in Éirinn, agus bliain ina raibh PIAB ina cheann feadhna.**

Céim thar a bheith tábhachtach in athchóiriú árachais is ea cur i bhfeidhm PIAB na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta in 2021.

***"Céim thar a bheith tábhachtach in athchóiriú árachais is ea cur i bhfeidhm PIAB na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta in 2021."***

In Aibreán na bliana seo caite, tugadh isteach na Treoirlínte nua maidir le Díobhálacha Pearsanta, rud a rinne athruithe suntasacha ar an gcaoi a ndéantar measúnú ar chúiteamh i leith díobhálacha pearsanta in Éirinn. Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheadh daoine a ndearnadh díobháil dóibh gan aon locht orthu féin cúiteamh cothrom. Mar sin féin, le blianta beaga anuas tá go leor díospóireachta ar siúl in Éirinn faoi leibhéal na ndámhachtainí i gcomparáid le dlínsí eile agus an tionchar a bhíonn ag dámhachtainí ar infhaighteacht agus inacmhainneacht árachais in Éirinn. Cuireann na Treoirlínte nua paraiméadair nua ar fáil le haghaidh damáistí do dhíobhálacha éagsúla a mbeidh sé mar thoradh orthu go mbeidh Éire ar aon dul le tíortha eile seachas mar a bhí.

Bhí róil ríthábhachtacha ag PIAB in obair an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta agus an Ghrúpa Oibre ar Chostas Árachais a spreag athchóirithe sa réimse seo agus i mbliana ba é PIAB an eagraíocht ba mhó a spreag cur i bhfeidhm na dTreoirlínte nua. De bharr dul chun cinn i rith na bliana tá laghdú suntasach ag teacht cheana féin ar an gcostas a bhaineann le héilimh díobhálacha pearsanta a réiteach.

Ba cheart go mbeadh laghduithe suntasacha ar luachanna foriomlána dámhachtana mar thoradh air seo agus tiocfaidh níos mó laghduithe ar phréimheanna agus níos mó iomaíochta in earnáil an árachais amach anseo dá réir. Tagann sé seo sna sála ar laghduithe móra ar líon na n-éileamh mar thoradh ar COVID-19. Tháinig laghdú breise ar éilimh in 2021 agus tá siad breis agus 30 faoin gcéad níos ísle anois ná mar a bhí in 2019. Nuair a fhéachtar ar na tionchair ar chostais fhoriomlána, tá coigilteas mór le feiceáil ar chostas éileamh díobhálacha pearsanta mar gheall ar na tionchair iomlána maidir le héilimh laghdaithe agus ar luach laghdaithe na n-íocaíochtaí araon.

Tá seirbhís an PIAB deartha chun dlíthíocht neamhriachtanach a laghdú, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca, níos praise agus níos saoire éilimh a réiteach do gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas agus ag an am céanna a bheith iomlán neamhchlaonta agus cothrom agus measúnuithe dámhachtana á ndéanamh. Is é an toradh atá air sin ná gur chóir go rachadh sé seo chun leasa an duine a ndearnadh díobháil dó/di nó na cuideachta a bhfuil an t-éileamh ina c(h)oinne – agus na sochaí ina hiomláine. Agus Éire ag teacht as an suaitheadh eacnamaíoch a tharla de bharr na paindéime le linn 2022, is léir go mbeidh na tairbhí a eascraíonn as obair PIAB ríthábhachtach do ghnólachtaí a bheidh ag filleadh ar ghnáthleibhéil líon custaiméirí, go háirithe sna hearnálacha a raibh taithí acu ar thrádáil a bhí chomh deacair sin sa tír le dhá bhliain anuas. Ar an gcaoi chéanna, agus muid ag tabhairt aghaidh ar mhéaduithe ar an gcostas maireachtála, tá an coigilteas a chruthaíonn PIAB trína sheirbhís, trí chostais inseachanta a bhaint ríthábhachtach do shealbhóirí polasaí mótair.

***"Measaimid gur shábháil úsáid sheirbhísí PIAB breis agus €50 milliún maidir le costais éileamh breise anuraidh."***

Measaimid gur shábháil úsáid sheirbhísí PIAB breis agus €50 milliún maidir le costais éileamh breise anuraidh. Tá sé seo bunaithe ar na costais seachanta a bhaineann le dul chun an dlí le haghaidh ár ndámhachtainí glactha go léir in 2021.

Tá sé léirithe ag an mBanc Ceannais go bhfuil costas na dlíthíochta 16 huaire níos mó ná an costas a bhaineann le héileamh a shocrú in PIAB. Léiríonn sé seo go soiléir an coigilteas breise a d'fhéadfadh a bheith ann ach úsáid a bhaint as seirbhís an PIAB. Tá buntáistí ár seirbhíse tábhachtach do gach duine a dhéanann éileamh, a lorgaíonn cumhdach nó a íocann préimheanna. Tá an cineál coigiltis a chuireann PIAB ar fáil – mar aon le bearta athchóirithe eile – ríthábhachtach maidir le soláthar leanúnach seirbhísí riachtanacha ar fud na hÉireann. Áirítear orthu sin, mar shampla, cuidiú le cúram leanaí a choinneáil ar an bhfód chun tacú le rannpháirtíocht san fhórsa saothair, cinntiú gur féidir le daoine dul ag obair in áiteanna amuigh faoin tuath, agus leanúint le saoráidí fóillíochta agus fáilteachais a chur ar fáil chun go mbeadh ár dtír tarraingteach chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun cónaí inti, chun díreach dornán réimsí a lua.

***"Tá buntáistí ár seirbhíse tábhachtach do gach duine a dhéanann éileamh, a lorgaíonn cumhdach nó a íocann préimheanna."***

D'oibríomar go dian i rith na bliana i gcomhar leis an Aire Stáit Robert Troy TD agus a chuid oifigeach chun feabhsú agus athchóiriú ár seirbhísí a chur chun cinn, ionas gur féidir linn níos mó luacha a chur leis, agus gur féidir tuilleadh éileamh a réiteach in PIAB. Cheadaigh an Chomh-Aireacht forbairt reachtaíochta chun é seo a chur chun cinn, rud a chiallaíonn go mbeidh athrú ar PIAB sa mhéid go mbeidh sé in ann ní hamháin measúnú ar éileamh a thairiscint, ach go mbeidh sé in ann seirbhísí idirghabhála a thairiscint freisin, ba cheart go mbeadh sé seo ina chabhair chun níos mó éileamh a scaoileadh le réiteach ag céim níos luaithe.

Mar ullmhúchán do thréimhse a mbeidh athruithe suntasacha i gceist léi amach romhainn, dhírigh an Bord ar a chinntiú go raibh an eagraíocht seasmhach ó thaobh airgeadais de agus réidh le beart a dhéanamh de réir briathair amach anseo. Chuaigh an t-athrú agus an éiginnteacht a tharla mar thoradh ar COVID-19 i bhfeidhm go mór ar oibríochtaí agus ar airgeadas PIAB. Is eagraíocht fhéinmhaoinithe é PIAB, agus mar is léir ónár gcuntais tá laghdú suntasach tagtha ar ár n-ioncam le blianta beaga anuas, ach tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil múnla airgeadais againn anois a bhuíochas le tacaíocht an Aire a chuirfidh PIAB ní hamháin ar ais ar bhonn inbhuanaithe ach déanann sé soláthar freisin do sheachadadh seirbhísí nua.

Leanadh leis an suaitheadh eacnamaíoch agus sóisialta de bharr phaindéim COVID-19 le linn 2021, agus chuir srianta suntasacha sláinte poiblí isteach ar an gcaoi ar oibríomar, ach ina ainneoin seo baineadh an-chuid amach.

Agus líon suntasach gnólachtaí ag filleadh ar na gnáthleibhéil ghnó in 2022, tiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht, agus beidh níos mó comhaltaí foirne ina n-áiteanna oibre, rud a chiallaíonn go mbeidh saincheisteanna a bhaineann le dliteanais agus costais árachais ar bharr an chláir oibre fós do gach duine lena mbaineann siad. Tá deis ann de bharr na n-athruithe reatha difríocht shuntasach fhadtéarmach a dhéanamh ar árachas in Éirinn.

Ba mhaith liom béim a leagan ar an ngá atá le páirtithe leasmhara in earnálacha an dlí, an árachais agus eile tacú go láidir agus go gníomhach le hobair an PIAB. Ní féidir leis an eagraíocht buntáistí uile an athchóirithe a sheachadadh ina haonar. Caithfidh éilitheoirí, agus iad siúd a ndéantar éileamh ina gcoinne, aturnaetha, árachóirí agus gach duine a bhfuil baint acu le héilimh a shocrú agus a réiteach a ról féin a imirt. Ní mór do na páirtithe leasmhara tionscail agus earnála sin cuidiú go gníomhach le PIAB beart a dhéanamh de réir briathair ionas gur féidir tairbhí iomlána a sheirbhíse agus an phróisis athchóirithe a bhaint amach.

Má roghnaíonn aon cheann de na páirtithe an bealach dlíthiúil costasach agus malltriallach go rialta, nó má chomhaontaítear socraíochtaí boilscithe go príobháideach, ní chun leas aon duine é sin agus níl sé inbhuanaithe don tsochaí. Léiríonn ár bhfigiúirí ó 2021 cheana féin an tionchar suntasach a bhí ag na Treoirlínte mar aon le COVID-19 ar luachanna Dámhachtainí. Tá ábhar dóchais ann don todhchaí, ach is féidir leis na tionchair a bheith i bhfad níos suntasaí más féidir linn cur le trédhearcacht sa réimse seo agus leas níos fearr a bhaint as seirbhís PIAB chun an t-am agus na costais a bhaineann le dlíthíocht a laghdú tuilleadh.

Chuir ár bPríomhfheidhmeannach, ár bhfoireann ceannaireachta agus ár bhfoireann ceann de na hathruithe ba shuntasaí san earnáil seo i bhfeidhm le blianta fada le forfheidhmiú na dTreoirlínte, agus ag an am céanna leanadh le seachadadh seirbhísí agus le pleanáil chun ár seirbhísí a fheabhsú don todhchaí. Ba mhaith liom an deis a thapú buíochas a ghabháil le foireann PIAB as a dtiomantas, a n-acmhainneacht agus a solúbthacht thar na bearta a chuir ar ár gcumas an-chuid a sheachadadh in aghaidh na ndúshlán tromchúiseach sa timpeallacht sheachtrach le dhá bhliain anuas. Bhí a dtiomantas agus a dtoilteanas chun seirbhísí do chustaiméirí a leasú agus féachaint lena bhfeabhsú ríthábhachtach, agus tá sé ríthábhachtach fós.

Thar mo cheannsa agus thar ceann Bhord an PIAB, ba mhaith liom buíochas ónar gcroí a ghabháil as a dtacaíocht láidir leanúnach don Taoiseach agus don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar TD, agus don Aire Stáit Robert Troy TD. An tAire Troy a d'oibrigh go díreach agus go dian dícheallach chun tacú le PIAB agus chun tionscnaimh athchóirithe ríthábhachtacha a chur chun cinn lena n-áirítear an reachtaíocht nua. Táimid an-bhuíoch freisin de na hoifigigh sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as an ardleibhéal tacaíochta agus comhoibrithe a thug siad le linn na bliana, rud a chiallaigh gurbh fhéidir an leibhéal dul chun cinn a choinneáil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí uile Bhord PIAB i rith na bliana, as a n-obair dhílis agus leanúnach agus as a dtiomantas don eagraíocht agus as a ndualgais mar chomhaltaí boird. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Margot Slattery agus Walter Cullen, ar tháinig deireadh lena dtéarmaí ar an mBord anuraidh, agus le Colette Crowne ar tháinig deireadh lena téarma le déanaí freisin. Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh Jonathan Small agus Marion O'Brien mar chomhaltaí Boird nua.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom tiomantas PIAB do chothrom na Féinne i dtaca le héilimh a réiteach agus luach a sholáthar do mhuintir na hÉireann a athdhearbhú. Tháinig athrú suntasach ar chúrsaí le bliain anuas. Leanfaidh PIAB dá obair d'fhonn tacú lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun oiriúnú do na hathruithe nua.



**Dermot Divilly**
Cathaoirleach

2 Meitheamh 2022

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**Ba bhliain eisceachtúil í 2021 do PIAB inar chuir an eagraíocht an t-athchóiriú ba shuntasaí i bhfeidhm ar thimpeallacht na nDíobhálacha Pearsanta ó bunaíodh an PIAB den chéad uair. Baineadh é seo amach i gcomhthéacs inar cuireadh isteach go fóill ar ár n-oibríochtaí agus ar an gcaoi a n-oibrímid de bharr phaindéim COVID-19, agus nuair a d'oibríomar freisin ar théarnamh ón méid a cuireadh isteach ar ár seirbhís sna blianta roimhe sin.**

***"Ó 2019 tá laghdú iomlán 31% tagtha ar iarratais ar éileamh chuig PIAB, is laghdú an-suntasach é seo agus is táscaire maith é ar choigilteas ar chostais éileamh ar fud na hearnála."***

In ainneoin na timpeallachta dúshlánaí agus leibhéal an athraithe atá le seachadadh, rinne PIAB bainistiú ar bhreis agus 21,000 éileamh i rith na bliana agus rinne sé measúnú iomlán ar bhreis agus 8,000 éileamh ar dhámhachtain damáistí a raibh luach breis agus €157 milliún orthu. Chonacthas méadú suntasach freisin ar líon na bhfreagróirí (iad siúd a ndearnadh an t-éileamh ina gcoinne) a thoiligh go ndéanfadh PIAB an t-éileamh a mheasúnú. Mhéadaigh sé seo ó 55% d'iarratais ar éileamh go 60%.

## Laghdú ar líon na nÉileamh agus Luachanna Dámhachtainí

Cé go raibh fócas agus aird shuntasach ar thionchar na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus a n-éifeacht ar chostas éileamh in Éirinn, ní mór gan dearmad a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar mhéideanna. Mar thoradh ar an bpaindéim tháinig laghdú mór ar thrácht ar na bóithre, ba lú áiteanna poiblí a bhí ar oscailt agus ba lú daoine a bhí ag obair in oifigí, rudaí a chuidigh le laghdú ar thimpistí agus éilimh. In 2021, bhí laghdú 18% ar éilimh i gcomparáid le 2020, agus ó 2019 tá laghdú iomlán de 31% ar iarratais ar éileamh chuig PIAB. Is laghdú an-suntasach é seo agus is táscaire maith é ar leibhéal na laghduithe agus ar an gcoigilteas a bhaineann leis an bpaindéim chun costais a éileamh ar fud na hearnála.

Leis seo a chur i gcomhthéacs, bhí luach iomlán na ndámhachtainí a ndearna PIAB measúnú orthu in 2021 €118 milliún níos lú ná mar a bhí in 2019. Léiríonn sé seo coigilteas mór a bheidh le feiceáil arís lasmuigh de chóras an PIAB. Ní hamháin go mbaineann an laghdú ar éilimh mar thoradh ar COVID-19 leis an laghdú ar luach in 2021 ach baineann an laghdú ar luachanna dámhachtana ag eascairt as cur i bhfeidhm na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta ag deireadh mhí Aibreáin 2021 leis freisin.

***"Bhí luach iomlán na ndámhachtainí a ndearna PIAB measúnú orthu in 2021 €118 milliún níos lú ná mar a bhí in 2019. Léiríonn sé seo coigilteas mór a bheidh le feiceáil arís lasmuigh de chóras an PIAB."***

## Athrú a Sheachadadh – Na Treoirlínte a Chur i bhFeidhm

Na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a tugadh isteach i mí Aibreáin is ea an t-athrú is tábhachtaí a chuaigh i bhfeidhm ar an timpeallacht díobhálacha pearsanta ó bunaíodh PIAB ar dtús ach ba é an t-athrú ba shuntasaí a bhí le cur i bhfeidhm riamh ag PIAB freisin. Díreach sé seachtaine tar éis do Chomhairle na mBreithiúna na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a fhoilsiú, bhí PIAB réidh le tosú ar mheasúnú agus ar phróiseáil éileamh faoi na Treoirlínte. Leasaíomar ár gcórais agus ár bpróisis go tapa, agus d'oibríomar lenár bpáirtithe leasmhara chun iad a chur ar an eolas faoi na hathruithe, reáchtáladh seimineáir ghréasáin agus rinneadh nuashonrú ar ár suíomh Gréasáin chun tacú lenár gcustaiméirí na hathruithe a thuiscint. Ina fhianaise sin, dhéileáil PIAB le leibhéil an-ard iarratas ar éileamh sa tréimhse sula ndearnadh dlí de na Treoirlínte.

Leagadh síos sna Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a tháinig i bhfeidhm go déanach i mí Aibreáin, leibhéil nua treorach do dhámhachtainí cúitimh díobhála pearsanta in Éirinn atá le húsáid ag na Cúirteanna agus ag PIAB araon. Tá fócas suntasach ar laghdú luachanna damáistí mar thoradh ar na Treoirlínte. Mar sin féin, ní athchalabrú ar na leibhéil dámhachtana amháin atá sna Treoirlínte; tá siad dírithe ar chomhsheasmhacht níos fearr a thabhairt isteach i leibhéal na ndamáistí a bhronntar ar gach duine a dhéanann dámhachtainí nó a shocraíonn éileamh. Ceanglaíonn an córas nua ar PIAB agus ar na cúirteanna araon úsáid a bhaint as na Treoirlínte, agus i gcás nach gcloíonn ceachtar acu leo, ní mór cúiseanna a thabhairt chun é sin a dhéanamh. Ba cheart go réiteofaí níos mó cásanna go luath le himeacht ama mar thoradh air seo nó trí phróiseas an PIAB mar ba cheart go mbeadh cinnteacht i gceist le páirtithe in éileamh faoina bhfuiltear ag súil leis maidir le dámhachtainí. Mar sin, ba cheart go mbeadh dhá thionchar ag na Treoirlínte: laghdú ar mheán-dámhachtainí, ach chomh maith leis sin laghdú le himeachta ama ar na costais a bhaineann le héilimh a théann chun an dlí.

Feicimid an tionchar maidir le luachanna dámhachtana anois. D'fhoilsigh PIAB dhá thuarascáil ar mheán-dámhachtainí ó tháinig na Treoirlínte i bhfeidhm. Ó 24 Aibreán go deireadh 2021, agus dámhachtainí 2020 á n-úsáid mar shlat tomhais, tá laghdú 42% tagtha ar luach na meán-dámhachtainí agus tá an mheán-dámhachtain athraithe ó €24,000 go dtí díreach os cionn €14,000.

***"Ó 24 Aibreán go deireadh 2021, agus dámhachtainí 2020 á n-úsáid mar shlat tomhais, tá laghdú 42% tagtha ar luach na meán-dámhachtainí agus tá an dámhachtain mheánach athraithe ó €24,000 go dtí díreach os cionn €14,000."***

Is tionchair an-láithreach iad seo mar thoradh ar na Treoirlínte, ach ba shuntasach iad na hathruithe a tugadh isteach agus ar ndóigh tá roinnt éiginnteachta agus ama i gceist chun dul i dtaithí ar an gcóras nua. Tugadh roinnt cásanna dlí i gcoinne an Stáit agus PIAB maidir le dlíthiúlacht na dTreoirlínte agus na dlíthe atá mar bhonn leo. D'éist na cúirteanna le dhá cheann acu seo faoi seo agus tá breithiúnais le bheith ann go luath. Tabharfaidh siad seo níos mó soiléireachta agus cinnteachta dóibh siúd go léir atá i gceist, agus idir an dá linn tá líon na ndámhachtainí a bhfuil PIAB ag glacadh leo ag méadú de réir a chéile gach mí. Le gach dámhachtain ghlactha, bíonn éifeacht láithreach ag na Treoirlínte agus is é an tionchar deiridh a mbeimid ag súil leis ó na Treoirlínte nua ná laghdú ar chostas an árachais. Le himeacht ama ba cheart go dtiocfadh méadú ar úsáid sheirbhís PIAB mar thoradh ar an gcomhsheasmhacht agus ar an trédhearcacht atá i gceist le húsáid na dTreoirlínte, rud a laghdóidh an costas agus an méid ama a bhaineann le dlíthíocht agus tarraingeoidh sé níos mó iomaíochta isteach i margadh Árachais na hÉireann.

Leanfaidh PIAB le cur le trédhearcacht sa réimse seo agus tacóidh sé le gach páirtí trí thuarascálacha rialta a fhoilsiú ar leibhéil dámhachtana, an ráta toilithe uathu siúd a ndéantar éileamh ina gcoinne, agus an ráta glactha le dámhachtainí PIAB.

## Athrú a Sheachadadh – An Todhchaí

Ó thaobh na straitéise de, is léir go mbaineann buntáistí suntasacha le PIAB maidir le laghdú na gcostas agus an ama i dtaca le héilimh a phróiseáil, agus chomh maith leis sin, agus is rud tábhachtach é seo dóibh siúd a ndéantar díobháil dóibh, tá sé neamhsháraíochta agus cothrom, neamhspleách agus neamhchlaonta maidir le héilimh a mheasúnú. Mar sin féin, ba í an cheist a bhí ann do PIAB; conas is féidir linn cur le timpeallacht na n-éileamh in Éirinn agus conas is féidir linn níos mó éileamh a réiteach? Conas is féidir linn a chinntiú go mbeidh níos lú cásanna ann a mbeidh dlíthíocht chostasach ag baint leo, a chuirfidh go neamhriachtanach le costas an árachais in Éirinn, rud a mbeidh tionchar diúltach aige ar ár sochaí agus ár ngeilleagar? D'oibríomar le linn 2021 leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara féachaint conas a d'fhéadfaimis ár seirbhísí a fheabhsú agus a athchóiriú chun fíorathrú a chumasú sa réimse seo ar mhaithe le tomhaltóirí agus leis an tsochaí. Ba í an chríoch air seo gur cheadaigh an Chomhaireacht reachtaíocht nua a bheadh le forbairt a chuirfidh go mór lenár seirbhísí. Cuid lárnach de seo ná soláthar a dhéanamh d'idirghabháil a thabhairt isteach mar sheirbhís nua PIAB chun éilimh díobhála pearsanta a réiteach. Tá sé i gceist idirghabháil a thabhairt isteach mar fheidhm nua do PIAB chun cabhrú le méadú ar líon na n-éileamh díobhála pearsanta a shocraítear gan dul chun an dlí.

***"Téann breis agus 30% d'éilimh chun an dlí, rud atá costasach agus fada, cuireann sé seo isteach ní hamháin ar na daoine aonair ach ar an timpeallacht árachais iomlán. Cuirfidh idirghabháil a thabharfaidh isteach in PIAB go mór lenár seirbhísí."***

Téann breis agus 30% d'éilimh chun an dlí, rud atá costasach agus fada, cuireann sé seo isteach ní hamháin ar na daoine aonair ach ar an timpeallacht árachais iomlán. Cuirfidh idirghabháil a thabharfar isteach in PIAB go mór lenár seirbhísí, rud a chuirfidh ar ár gcumas dul i ngleic go díreach le páirtithe chun comhaontuithe rúnda a éascú. Faoi láthair, tá seirbhísí PIAB teoranta do mheasúnú amháin. Ciallaíonn sé seo go rachaidh gach éileamh ar a bhfuil aon cheist faoi dhliteanas beag beann ar a laghad agus atá sé ar aghaidh chun an dlí. Tugann tabhairt isteach na hidirghabhála mar rogha deis eile feabhas a chur ar chur chuige tapa neamhsháraíochta maidir lenár múnla reatha. Ina theannta sin, cuirfidh an reachtaíocht atá beartaithe níos mó bearta frith-chalaoise ar fáil agus tacóidh sí le PIAB chun leas níos fearr a bhaint as sonraí chun críocha taighde agus beartais. Ceann de na bearta a cuireadh chun cinn in 2021, sa tslí go bhfuil reachtaíocht ag dul ar aghaidh trí na Tithe anois, is ea an reachtaíocht chun sainchúram a thabhairt do PIAB maidir le cásanna cúitimh an Gharda Síochána a láimhseáil. Cuireadh iad seo faoi bhráid na hArd-Chúirte roimhe seo, agus is sampla iontach eile é seo inar féidir le PIAB luach a chur le agus seirbhís chothrom, neamhchlaonta a sheachadadh i gcomhréir leis na cúirteanna, ach gan an t-am agus na costais fhairsing a d'fhéadfadh cur le strus an íospartaigh, agus cur leis na costais don Stát freisin.

## Tionchar na Paindéime le linn na Bliana

In ainneoin na paindéime, lean PIAB lena ról maidir le measúnú a dhéanamh ar éilimh díobhálacha pearsanta go cothrom, go tapa agus go héifeachtach, agus chinntigh sé gur seachnaíodh na mílte euro de chostais bhreise. Bhí tionchar nach bhfacthas riamh cheana ag COVID-19 ar dhaoine aonair agus eagraíochtaí in Éirinn le 2 bhliain anuas. Maidir le PIAB, bhí tionchar suntasach aige ar ár n-oibríochtaí agus ár sreabhadh ioncaim. Eagraímid na mílte measúnuithe neamhspleácha leighis gach bliain agus bhí orainn líon mór díobh seo a chur ar ceal agus a athsceidealú ag tús na bliana mar gheall ar ráig COVID-19 a bhí sa tír ag an am sin.

I gcomhthéacs suaitheadh leanúnach ar an ngeilleagar agus ar ghnáthghnó de bharr COVID-19, bhí ár bhfoireann solúbtha agus léirigh siad fíor-acmhainneacht chun a chinntiú go leanfaí ar aghaidh le héilimh chúitimh a phróiseáil, a mheasúnú agus a bhronnadh i rith na bliana. Is cúis bróid dom a rá, in ainneoin na ndúshlán ar fad, nár tháinig ach méadú an-bheag ar an meán-am chun éileamh a mheasúnú. Ag an bpointe seo, tá deireadh curtha le beagnach gach srian sláinte poiblí COVID-19 agus tá an geilleagar agus an tsochaí á n-athoscailt de réir

a chéile, ach tá go leor athruithe dearfacha ann mar gheall ar COVID-19 agus déanfaimid iarracht iad a threisiú, a choinneáil, agus a fhorbairt tuilleadh. Tá méadú suntasach tagtha ar úsáid ár n-ardán ar líne. Bhí céatadán na n-éileamh a próiseáladh trí úsáid a bhaint as ár dTairseach Aturnaetha agus ár gcóras iarratais ar líne an-ard fós agus tháinig 75% de na héilimh go léir chugainn trí na bealaí sin. Tógfaimid air seo agus tús á chur anois le tionscadal claochlaithe digiteach a chuirfidh ar ár gcumas ár seirbhísí dár gcustaiméirí a fheabhsú. Cloífimid freisin le gnéithe den chianobair agus obair chumaisc á tabhairt isteach. Cuirfidh sé seo feabhas ar fholláine agus cothromaíocht oibre-saoil, rud a rachaidh chun sochair do PIAB agus dár bhfoireann araon. Féachfaimid freisin le leas a bhaint as cuid de na ceachtanna foghlama ón bpaindéim a léirigh cé chomh solúbtha agus is féidir linn a bheith, agus gur féidir athrú a sheachadadh go tapa.

## Ar Deireadh

Leanann PIAB le coigilteas mór a chruthú ar mhaithe le cách, le costais agus am i bhfad níos ísle i gceist ná mar a bhaineann le dlíthíocht. Léirigh Banc Ceannais na hÉireann go seasmhach go bhfuil na costais a bhaineann le dlíthíocht i bhfad níos airde ná na costais a bhaineann le seirbhís PIAB. I réimse na ndíobhálacha pearsanta, cuirtear an oiread sin béime ar thionchar na ndámhachtainí ar chostais árachais agus ghnó gur féidir dearmad a dhéanamh uaireanta ar íospartaigh na dtimpistí. Baineann obair PIAB le damáistí a dhámhachtain a chuideoidh le daoine bogadh ar aghaidh agus teacht chucu féin, le cúnamh Dé, agus tacaíonn ár bpróiseas cothrom, gasta agus neamhsháraíochta leis seo.

Gabhaim buíochas leis an Tánaiste, na hAirí agus na hoifigigh sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht leanúnach le linn na bliana, lena n-áirítear, go háirithe, Robert Troy TD, an tAire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Táim an-bhuíoch de thacaíocht agus comhairle ár gCathaoirligh, Dermot Divilly agus de Bhord PIAB as a dtacaíocht láidir le linn bliain inar athraíodh rudaí ó bhonn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt d'fhostaithe go léir PIAB as a dtiomantas leanúnach chun ár misean a chomhlíonadh, agus as a dtiomantas agus a solúbthacht le linn bliain inar sholáthraíomar an oiread sin athruithe. Táim an-bhródúil as a bheith i gceannas ar an eagraíocht le linn na tréimhse seo, agus ar an mbealach a ndeachaigh PIAB i ngleic go dearfach leis na dúshláin a bhain léi.

Creidim go bhfuil laethanta geala roimh an eagraíocht agus í ag leanúint le luach a sheachadadh do shaoránaigh na hÉireann.



**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*

An 2 Meitheamh 2022

# PIAB de réir uimhreacha 2021

## Líon iomlán na n-iarratas ar éileamh

| 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|
| 31,072 | 26,009 | 21,410 |

Thar 2 bhliain **-31%** ↓

**€19,451**

Luach Iomlán na Meán-Dámhachtainí

€24,026 ba ea an mheán-dámhachtain in 2020

## Luach Iomlán na nDámhachtainí

| 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|
| €275m | €206m | €157m |

**= €118m**

Laghdú ar Luach Iomlán na nDámhachtainí

## Dámhachtainí de réir Catagóire




**€50m+**

An méid a choigil PIAB in 2021 de bharr costais sheachanta

**197,132**

ríomhphost isteach (i gcomparáid le 177,156 in 2020)

## Tionchar na dTreoirlínte

**€23,877**
2020 meán-dámhachtain

**€13,825**
Treoirlínte maidir le Chlar-Dhíobhálacha Pearsanta

**= 42%**
Laghdú ar Mheánluach

*Níl tionóiscí marfacha san áireamh sna figiúirí thuas

## Luach na Meán-Dámhachtainí de réir Catagóire

| | 2020 | Treoirlínte maidir le Réamhdhíobhálacha Pearsanta<br>An 1 Eanáir go dtí an 23 Aibreán 2021 | Treoirlínte maidir le hlar-Dhíobhálacha Pearsanta<br>An 24 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,357 | €24,409 | €13,241 |
| Dliteanas Fostóirí | €30,558 | €35,311 | €18,915 |
| Dliteanas Poiblí | €26,065 | €29,767 | €15,162 |

### Meán-am Próiseála

**10.5 mí**

### Toiliú le Ráta Measúnaithe

**60%**

de fhreagróirí a thoiligh éilimh mheasúnaithe PIAB Méadú ó 55% in 2020

### Ráta Glactha le Dámhachtainí

**44%**

Céatadán na ndámhachtainí PIAB a nglacann an dá pháirtí leo, laghdú ó 51% in 2020

# 1 Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta

## Forbhreathnú

**Ba é tabhairt isteach na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta an t-athrú ba shuntasaí i dtaca le timpeallacht na nDíobhálacha Pearsanta ó bunaíodh PIAB. Athraíonn na Treoirlínte an bunús ar a ndéantar dámhachtainí le haghaidh cúitimh dhíobhála in Éirinn ó bhonn. Déanann na Treoirlínte dhá rud: déanann siad athchalabrú ar luach na ndámhachtainí do chatagóirí áirithe díobhálacha; agus bíonn tionchar acu freisin ar an gcaoi a ndéantar measúnuithe ar chúitimh.**

Ar cheann de na gnéithe is suntasaí de thabhairt isteach na dTreoirlínte ná go n-úsáidfidh PIAB agus na Cúirteanna araon iad chun cúiteamh a mheasúnú, agus sa chás nach ndéanann siad sin ní mór dóibh cúiseanna a thabhairt gan é sin a dhéanamh. Is éard atá tábhachtach faoi seo ná gur cheart go mbeadh comhsheasmhacht, cinnteacht agus trédhearcacht níos fearr maidir le dámhachtainí in Éirinn mar thoradh air seo, rud a laghdóidh an gá le dlíthíocht neamhriachtanach.

Mar sin, ní hamháin go mbeidh tionchair ann maidir le laghdú ar chostas éileamh arna dtiomáint ag luachanna dámhachtana, le himeacht ama ba cheart go mbeadh gá le laghdú ar dhlíthíocht agus laghdú breise ar chostas na n-éileamh, rud a rachaidh chun sochair d'éilitheoirí agus do fhreagróirí ach freisin dóibh siúd a íocann préimheanna árachais agus d'Éirinn trí chéile.

## An Bóthar chun an Athchóirithe

Le blianta fada anuas tá fócas ar athchóiriú árachais in Éirinn, go háirithe fócas ar chostas éileamh, a raibh forbairt na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta mar thoradh air sa deireadh.

Bunaíodh an Grúpa Oibre um Chostas Árachais in 2016 chun scrúdú a dhéanamh ar an méadú ar chostais árachais agus chuir sé tús lena chuid oibre i bhfianaise an méid imní a bhí ann faoin méadú ar chostais árachais. D'fhoilsigh an Grúpa Oibre um Chostas Árachais dhá thuarascáil, Tuarascáil ar Chostas Árachais Mhótair agus Tuarascáil ar Chostas Árachais Fostóra agus Dliteanais Phoiblí.

## Plean chun an Athchóirithe



Ceann de na príomh-mholtaí ba ea bunú an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta chun tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach a ríomhtar díobhálacha pearsanta.

Bunaíodh an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta in 2017 faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Nicholas Kearns. Ba rannpháirtí fíorthábhachtach é PIAB agus bhí ról tábhachtach aige i seachadadh a chuid oibre. Ar cheann de mholtaí an PIC ba ea go n-iarrfaí ar Chomhairle na mBreithiúna, nuair a bhunófaí í, treoirlínte a fhorbairt maidir le damáistí ginearálta cuí do chineálacha éagsúla díobhála pearsanta. Bunaíodh an Coiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta faoi Chomhairle na mBreithiúna agus tugadh freagracht dó na Treoirlínte a fhorbairt, a nglacfadh an Comhairle na mBreithiúna, a bhfuil na Breithiúna ar fad in Éirinn uirthi, leo ansin.

***"Caithfidh na Cúirteanna agus PIAB cloí leis na Treoirlínte. Mura gcloíonn na Cúirteanna nó PIAB leis na Treoirlínte, ní mór dóibh cúiseanna a thabhairt."***

## Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta

Tá tábhacht leis na Treoirlínte toisc go dtugann siad isteach níos mó comhsheasmhachta, trédhearcachta agus cinnteachta maidir le leibhéil dámhachtana, chomh maith le dámhachtainí a athchalabrú le go mbeidís i gcomhréir leis na leibhéil idirnáisiúnta. Tarlaíonn sé seo i bhfianaise chúlra na himní forleithne faoi chostais árachais a théann i bhfeidhm ar thomhaltóirí árachais, gnólachtaí agus eagraíochtaí pobail agus spóirt.

Is é seo an chéad sraith Treoirlínte a nglacfaidh an Chomhairle leo agus a ndéanfar dlí díobh. Tagann na Treoirlínte in áit an Leabhair Candaim roimhe seo a d'fhorbair agus a d'fhoilsigh PIAB agus a bhí bunaithe ar dhámhachtainí agus socraíochtaí socraíochtaí a bhí i réim. Ceanglaítear na Treoirlínte nua faoin Acht um Chomhairle na mBreithiúna a ndéantar athbhreithniú air gach trí bliana.

## Conas atá na Treoirlínte difriúil?

Athshocraíonn na treoirlínte nua leibhéil dámhachtana d'Éirinn agus ní mór do PIAB agus do na Cúirteanna iad a úsáid. Baineann an tionchar is suntasaí le dámhachtainí i dtaobh miondíobhálacha. Fuair an PIC dá dtagraítear thuas amach go raibh dámhachtainí maidir le díobhálacha a bhaineann le fíochán bog (leithéidí cásanna fuiplaisce) 4.4 uaire níos airde in Éirinn ná mar a bhí i gcás díobhálacha dá samhail i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Agus na Treoirlínte á n-ullmhú, thug Coiste Díobhálacha Pearsanta na Comhairle aird, i measc nithe eile, ar leibhéal na ndamáistí a bhronn cúirteanna sa Stát as díobhálacha pearsanta; agus leibhéal na ndamáistí a dhámh na cúirteanna i gcibé áiteanna lasmuigh den Stát a mheas an Coiste a bheith ábhartha, rud a d'fhág go ndearnadh athchalabrú ar a lán catagóirí miondíobhálacha.

Mar sin féin, tá na hathruithe ar na Treoirlínte i bhfad níos leithne ná luach na dámhachtana.

Leagann na Treoirlínte catalóg díobhálacha níos mionsonraithe amach ná mar a bhí i bhfeidhm roimhe seo le leibhéil déine ó mhórdhíobhálacha go miondiongbhálacha agus aicme nó raon inar cheart go dtitfeadh dámhachtain damáistí de ghnáth. Déileálann siad le raonta, seachas uasmhéideanna, agus tá siad níos gráinní ná an Leabhar Candaim a bhí ann roimhe seo. Mar shampla, Cuimsítear sna Treoirlínte anois díobhálacha síciatracha nó díobhálacha atá go hiomlán síceolaíoch agus galair scamhóige i measc díobhálacha breise.

Shocraigh siad uasdámhachtain €550,000 agus tugtar isteach prionsabal na ndíobhálacha ceannasacha agus substaintiúla, chomh maith leis an acmhainn chun ardaithe a sholáthar i gcás díobhálacha iolracha.



## Forfheidhmiú

Tháinig na Treoirlínte i bhfeidhm Dé Sathairn an 24 Aibreán, 2021.

Bronnadh dámhachtainí go dtí an dáta sin faoin Leabhar Candaim, agus bronnadh na dámhachtainí go léir a rinne PIAB i ndiaidh an dáta sin le tagairt do na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta.

Bhí tréimhse dhian maidir le bainistíocht tionscadail ag PIAB chun ullmhú do na Treoirlínte sular cuireadh tús leo agus chuimsigh sé seo nithe amhail cúrsaí oiliúna, ár gcórais a leasú, forbairt cumarsáide agus obair lenár bpáirtithe leasmhara. Is cúis bróid dúinn a rá laistigh de shé seachtaine ón bhfógra maidir le tosach feidhme an dlí nua, gur chinntigh PIAB go raibh sé ullamh chun an córas nua a chur i bhfeidhm. Tharla sé seo ag an am céanna le déileáil le líon an-ard iarratas nua a cuireadh faoi bhráid PIAB sa chéad ráithe de 2021 roimh na Treoirlínte.

Is é PIAB an phríomheagraíocht a chuireann na Treoirlínte i bhfeidhm, toisc nach ndéanfar rialú ar fhormhór mór na n-éileamh sna cúirteanna agus is é an chéad eagraíocht freisin a chuirfidh na Treoirlínte i bhfeidhm toisc go mbaineann na Treoirlínte le cásanna nár cuireadh tús le himeachtaí nó nach ndearna PIAB measúnú ar dhamáistí.

Mar sin, is cásanna iad go leor de na cásanna os comhair na gcúirteanna inar cuireadh tús le himeachtaí roimh an 24 Aibreán, agus tógfaidh sé tamall maith sula bhfeicfimid rialuithe in aon imleabhar ó na cúirteanna.

Tháinig méadú suntasach ar iarratais ar éileamh sna míonna sular tugadh isteach na Treoirlínte i mí Aibreáin 2021. Is cosúil gur tharla sé seo sa tsúil le go dtabharfaí na Treoirlínte isteach.

***"Is é PIAB an phríomheagraíocht a chuireann na Treoirlínte i bhfeidhm, toisc nach ndéanfar rialú ar fhormhór mór na n-éileamh sna cúirteanna.."***

## Tionchar na dTreoirlínte go dtí seo

Príomhthéama a aithníodh trí na grúpaí oibre éagsúla um athchóiriú árachais ba ea an gá atá le hinfhaighteacht agus trédhearcacht éileamh agus costas árachais in Éirinn a fheabhsú. Tá sé seo fíorthábhachtach maidir le hiomaíocht a spreagadh sa mhargadh. Mar sin ó tugadh na Treoirlínte isteach tá PIAB tiomanta dár gcuid sonraí a chur ar fáil, ionas go sainaithneofaí tionchar tosaigh na dTreoirlínte ar mheán-dámhachtainí, rátaí toilithe agus glactha agus aon difríochtaí i dtreochtaí agus in éilimh go luath agus go gcuirfí ar fáil iad do na páirtithe leasmhara ar fad agus don phobal. Chuir sé seo ar chumas lucht déanta beartas, custaiméirí agus páirtithe leasmhara athruithe a fheiceáil go soiléir ar fud na réimsí éagsúla.

D'fhoilsigh PIAB dhá thuarascáil ar mheán-dámhachtainí ó tháinig na Treoirlínte i bhfeidhm. Cuireann na tuarascálacha sonraí cothrom le dáta i láthair maidir leis na trí réimse dliteanais atá clúdaithe ag PIAB: dliteanas mótair, poiblí agus fostóra, agus tugann siad léargas éigin ar thionchar na dTreoirlínte nua ar leibhéil dámhachtana.

Sa Tuarascáil a chlúdaigh an tréimhse go dtí deireadh 2021 cuireadh sonraí i láthair ar gach dámhachtain a rinneadh faoi na Treoirlínte nua maidir le Díobhálacha Pearsanta ónar tugadh isteach iad go dtí deireadh na bliana sin. Léirigh na sonraí go raibh iomlán de 42% ar leibhéil dámhachtana i gcomparáid le 2020. Maidir le Damáistí Ginearálta, €11,583 ba ea na meánleibhéil dámhachtana ar an iomlán, rud a léirigh laghdú 47% ar leibhéil 2020.

Léirigh an tuarascáil freisin gurbh ionann líon na ndámhachtainí faoi €10,000 agus 49% i gcomparáid le 12% in 2020, agus go bhfuil 20% d'éilimh faoi bhun €5,000 anois.

*Ní áirítear cásanna tionóiscí marfacha san anailís seo toisc nach bhfuil tionchar ag na Treoirlínte orthu

Bhí tionchar ag na Treoirlínte freisin ar ghlacadh agus ar thoiliú maidir le rátaí measúnuithe. Mar atá i gceist le hathrú mór dá leithéid, tógann sé am chun na córais nua a shocrú, chun go mbeadh iontaoibh ag an bpobal iontu agus chun go mbeadh glacadh ag an bpobal leo. Ó tugadh isteach na Treoirlínte tháinig laghdú ó 51% in 2020 go 44% in 2021 ar chéatadán na ndámhachtainí ar ghlac freagróirí agus éilitheoirí leo. Ní haon iontas é seo agus rinneadh roinnt agóidí dlíthiúla i gcoinne gnéithe éagsúla de na Treoirlínte agus a gcur i bhfeidhm, rud a chruthaigh éiginnteacht bhreise maidir le rátaí glactha, rátaí toilithe agus líon na n-iarratas freisin. Agus é seo á scríobh, áfach, éisteadh le dhá threoirchás a ndearnadh dhá bhreithiúnais dhearfacha ina leith, rud a thabharfaidh níos mó cinnteachta do na Treoirlínte.

Is sonraí tábhachtacha iad seo agus ba chóir go gcabhróidís linn tuiscint níos fearr a fháil ar chineálacha na gcásanna díobhála pearsanta in Éirinn. Tá sé ar intinn ag PIAB ár n-anailís ar shonraí a leathnú ar fud na gcatagóirí éagsúla éileamh chun tuiscint níos doimhne agus níos trédhearcaí ar threochtaí a éascú.

Tá na tuarascálacha seo ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.piab.ie

**Raon na nDámhachtainí 2020 vs Treoirlínte**




**Bhí 20% de na cásanna faoi bhun €5,000.**

**-42%**

***Laghdú 42% ar luachanna iomlána na meándámhachtainí ó tugadh na Treoirlínte isteach.***

# 2 Éilimh agus Dámhachtainí

## Forbhreathnú

**Tháinig laghdú ar líon iomlán na n-éileamh a fuair PIAB ó 26,009 in 2020 go dtí 21,410 in 2021, laghdú 18% ar an mbliain roimhe sin. Thit líon éileamh 2020 16% roimhe seo ó 31,072 in 2019 go 26,009 in 2020. Is é an laghdú foriomlán ar líon na n-éileamh sa dá bhliain ó 2019 ná 31% anois, agus laghdú 34% ar Dhliteanas Mótair agus laghdú 28% ar Dhliteanas Poiblí agus Dliteanas Fostóirí de réir na bhfigiúirí foriomlána iarratais ar éileamh a léirítear sa tábla thíos.**

Bhí roinnt fachtóirí a raibh tionchar acu ar líon na n-éileamh. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 le linn 2020/2021, b'ísle na leibhéil ghníomhaíochta maidir le cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta ná mar is gnách sa Stát. Toisc go bhfuil baint ag díobhálacha agus timpistí le gníomhaíocht, bhí tionchar aige seo ar líon na n-éileamh. Maidir leis an measúnú ar an éileamh, chuir na treoirlínte srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm i rith na bliana isteach air seo freisin. Ag tús na bliana mar thoradh ar COVID-19 cuireadh beagnach 2,000 coinne leighis neamhspleách ar ceal.

Ba bhliain í 2021 ina ndearnadh measúnuithe PIAB ar dhá mhodh dhifriúla. Sa tréimhse ó Eanáir go dtí an 24 Aibreán, rinneadh measúnú ar éilimh i dtaca leis an Leabhar Candaim. I ndiaidh an 24 Aibreán, tháinig na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta (Na Treoirlínte) i bhfeidhm. Tugadh na Treoirlínte isteach i mí Aibreáin tar éis do Chomhairle na mBreithiúna glacadh leo ar an 6 Márta.

Roimh do na Treoirlínte teacht i bhfeidhm, fuarthas líon suntasach iarratas. Ó Fheabhra go dtí Aibreán 2021 fuarthas tuairim is 9,000.

Sa chaibidil seo déileálfaimid leis na figiúirí don bhliain iomlán ach cuirfimid faisnéis ar fáil in áit faoi leith suas go dtí an 24 Aibreán sular tugadh na Treoirlínte isteach agus an tréimhse ina dhiaidh suas go dtí deireadh mhí na Nollag.

Lean PIAB le seirbhís measúnaithe chomhsheasmhach agus éifeachtach a chur ar fáil le linn 2021, rinneadh breis agus 8,000 dámhachtain i rith na bliana agus leasaigh sé a phróiseas go solúbtha chun leanúint ar aghaidh lena sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí.

**Tábla 1.1 Iarratais ar Éilimh**



# 21,410

**Líon na n-iarratas ar éileamh a fuarthas in 2021.**

**(laghdú 18% ar iarratais i gcomparáid le 2020).**

## Éilimh de réir Catagóire

### Tábla 1.2 Cineálacha Dámhachtainí

| CATAGÓIR | 2020 % | 2021 % | LÍON DÁMHACHTAINÍ 2021 | LÍON DÁMHACHTAINÍ 2020 |
|---|---|---|---|---|
| ML | 70% | 69% | 5,606 | **6,058** |
| EL | 13% | 13% | 1,051 | **1,103** |
| PL | 17% | 18% | 1,436 | **1,426** |
| **Iomlán** | | | **8,093** | **8,587** |

### Tábla 1.3 Líon na nDámhachtainí Roimh na Treoirlínte agus i ndiaidh na dTreoirlínte (lena n-áirítear tionóiscí marfacha)

| DÁMHACHTAINÍ | ROIMH NA TREOIRLÍNTE | I NDIAIDH NA DTREOIRLÍNTE | IOMLÁN |
|---|---|---|---|
| **Dámhachtainí Mótair** | **2,361** | **3,245** | **5,606** |
| **Dámhachtainí Fostóirí** | **438** | **613** | **1,051** |
| **Dámhachtainí Poiblí** | **547** | **886** | **1,436** |
| **Iomlán** | **3,346** | **4,747** | **8,093** |

### Tábla 1.4 Rátaí Foriomlána Toilithe

| | DLITEANAS MÓTAIR | DLITEANAS FOSTÓIRÍ | DLITEANAS POIBLÍ | RÁTA IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| **2016** | 66% | 49% | 45% | **58%** |
| **2017** | 65% | 49% | 43% | **57%** |
| **2018** | 65% | 50% | 44% | **57%** |
| **2019** | 64% | 48% | 42% | **55%** |
| **2020** | 62% | 49% | 43% | **55%** |
| ***2021** | 67% | 56% | 49% | **60%** |

* Is comhiomlán de dhá fhigiúr iad na figiúirí toilithe foriomlána le haghaidh 2021 sa tábla thuas (Roimh na Treoirlínte agus i ndiaidh na dTreoirlínte).

Mar is léir i dTábla 1.2, tá éilimh ar Dhliteanais Mhótair fós ar an ngrúpa dámhachtainí is mó arb ionann iad agus 69% de na dámhachtainí go léir. Is ionann éilimh Dliteanais Phoiblí agus 18% de na dámhachtainí agus is ionann Dliteanas Fostóirí agus 13% acu. Bhí laghdú beag 1% ar dhámhachtainí Dliteanais Mhótair i gcomparáid le 2020 agus méadú 1% ar dhámhachtainí Dliteanais Phoiblí i gcomparáid le 2020.

Léiríonn Tábla 1.3 líon na ndámhachtainí de réir catagóire a eisíodh roimh thabhairt isteach na dTreoirlínte agus tar éis do na Treoirlínte teacht i bhfeidhm ar an 24 Aibreán.

## Toiliú le Ráta Measúnaithe

Nuair a eisíonn PIAB fógra don Fhreagróir lena c(h)ur ar an eolas faoin éileamh atá á dhéanamh ina choinne, tugtar 90 lá don Fhreagróir chun measúnú PIAB ar an éileamh a thoiliú nó a dhiúltú. Má thugann Freagróir a t(h)oiliú, leanann PIAB ar aghaidh leis an bpróiseas measúnaithe. Má dhiúltaíonn Freagróir, eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil ar a dtugtar "Údarú' don Éilitheoir, rud a chuireann ar chumas an Éilitheora an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte más mian leis/léi.

Cíorann Tábla 1.4 an ráta toilithe ó 2016 go 2021. Is léir go bhfuil **méadú 5% tagtha ar an ráta toilithe ó 55% go 60% in 2020**. Cé go bhfáiltítear roimh ardú ar an ráta toilithe, beidh cuid den mhéadú seo á spreagadh ag na Treoirlínte nua agus ag timpeallacht ina raibh níos lú socraíochtaí luatha. Mar sin féin, creideann PIAB go bhfuil i bhfad níos mó cásanna ann ar féidir linn tacú leo agus páirt a ghlacadh dá réiteach agus beidh níos mó páirtithe ag baint úsáid as ár seirbhís luachmhar amach anseo.

Is é an fáth gur méadrach tábhachtach é an ráta toilithe do PIAB ná gur léirigh sé líon na gcásanna inar aontaigh Freagróirí le húsáid a bhaint as córas PIAB chun éileamh a réiteach. Tá costais phróiseála PIAB i bhfad níos ísle ná dul chun an dlí agus is fachtóir fíorthábhachtach é seo maidir le Freagróirí a thoilíonn measúnú PIAB ar éilimh.

Bhí méaduithe comhsheasmhacha i ngach catagóir éileamh agus méadú foriomlán 5% ar an ráta toilithe le haghaidh 2021 i gcomparáid le figiúr 2020. Is é 64% an ráta toilithe reatha le haghaidh 2022.

***"Cuireann PIAB seirbhís réitigh éileamh tapa agus cost-éifeachtúil ar fáil a théann chun sochair do na páirtithe go léir agus don tsochaí."***

Cuireann PIAB seirbhís réitigh éileamh thapa agus cost-éifeachtúil ar fáil a théann chun sochair do na páirtithe go léir agus don tsochaí. Feidhmíonn PIAB ar bhealach neamhspleách, neamhsháraíochta agus riaracháin gan an riachtanas le hionadaíocht dhlíthiúil.

Léiríodh i dtaighde a d'fhoilsigh an Banc Ceannais i rith na bliana atá bunaithe ar a Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Fhaisnéis ar Éilimh (NCID) go bhfuil an t-am a thógann sé chun éilimh díobhála phearsanta ó PIAB a réiteach agus na costais a bhaineann leis i bhfad níos ísle ná costais dá leithéid a réitíodh trí dhul chun an dlí.

Tá go leor buntáistí do gach páirtí agus don tsochaí ina hiomláine maidir le níos mó úsáid a bhaint as seirbhís PIAB. Cuimsítear leis seo na costais dlí an-íseal i gcomparáid le dlíthíocht agus a thapúla agus a réitítear éilimh.

### Tábla 1.5 Rátaí Glactha Foriomlána

| | DLITEANAS MÓTAIR | DLITEANAS FOSTÓIRÍ | DLITEANAS POIBLÍ | RÁTA IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| **2016** | 54% | 56% | 59% | **55%** |
| **2017** | 52% | 56% | 56% | **53%** |
| **2018** | 51% | 54% | 54% | **52%** |
| **2019** | 51% | 58% | 56% | **52%** |
| **2020** | 49% | 57% | 53% | **51%** |
| **2021** | 43% | 46% | 49% | **44%** |

## Rátaí Glactha Dámhachtainí

Is féidir le hEilitheoirí agus Freagróirí glacadh le dámhachtainí nó iad a dhiúltú. Nuair a dhéanann PIAB measúnú ar dhamáistí (dámhachtain), tá 28 lá ag an Éilitheoir chun glacadh leis an dámhachtain nó a dhiúltú agus tá 21 lá ag an bhFreagróir. Má ghlacann an dá pháirtí leis an measúnú, eisítear "Ordú le hÍoc' don Fhreagróir nó dá n-árachóirí ina dtugtar treoir dóibh an tsuim a bhronn PIAB ar an Éilitheoir a íoc. Tá stádas cosúil le hordú cúirte ag "Ordú le hÍoc'. Má dhiúltaíonn páirtí amháin nó an dá pháirtí dámhachtain, eisíonn PIAB Údarú a chuireann ar chumas an Éilitheora an t-ábhar a thabhairt chun na Cúirte más mian leis/léi.

Roimh na Treoirlínte, ghlac freagróirí/árachóirí le tuairim is 90% de na dámhachtainí agus ghlac éilitheoirí le breis agus 50% acu. I ndiaidh na dTreoirlínte b'ísle an figiúr ach bhí sé seasmhach mar atá le feiceáil sa tábla thíos. Is é an fáth a bhfuil glacadh le Dámhachtainí chomh tábhachtach sin ná go n-aistríonn siad go héilimh atá le réiteach go hiomlán ag seirbhís an PIAB agus mar sin uasmhéadaíonn siad coigilteas do na páirtithe go léir lena mbaineann agus don tsochaí i gcoitinne.

## Leibhéil Ghlactha Roimh na Treoirlínte

B'airde céatadán na ndámhachtainí glactha in PIAB roimh thabhairt isteach na dTreoirlínte ná an bhliain roimhe sin, is é sin, 51%, rud a léiríonn ráta glactha iomlán de 55%.

Mar a léiríonn Tábla 1.5, tá laghdú beag tagtha ar chéatadán na n-éileamh ar glacadh leo thar na blianta. Mar sin féin, is díol suntais é go raibh an leibhéal glactha seasmhach, cé gur ag leibhéal laghdaithe a bhí sé i rith na 8 mí ón 24 Aibreán 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon glactha le himeacht ama, de réir mar a théann gach duine i dtaithí ar na Treoirlínte nua agus go ndéileáiltear le níos mó cásanna ar fud PIAB agus na gCúirteanna.

## Leibhéil Ghlactha I ndiaidh na dTreoirlínte

Rinneadh measúnú ar 4,580 cás faoi na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta. Is é an ráta glactha foriomlán ná 37%, tá dliteanas mótair ag an ráta is ísle ag 34% agus tá an ráta is airde i gceist le dliteanas pobail ag 45%. Tá ráta glactha an fhreagróra i bhfad níos airde ná ráta an éilitheora, mar a bhíonn i gceist go traidisiúnta, le rátaí ó 85% i gcásanna dliteanais phoiblí go dtí an ráta is airde, is é sin, 96% i gcásanna dliteanais mhótair. Ba é 40% an ráta glactha i measc éilitheoirí ar an iomlán. Cé gur glacadh le céatadán suntasach, breis agus 37% de na dámhachtainí, léiríonn na sonraí go bhfuil laghdú ar rátaí glactha foriomlána i gcomparáid le dámhachtainí a eisíodh in 2020. Ba é 51% an ráta glactha ar an iomlán in 2020, 49% le haghaidh dliteanas mhótar, 56% le haghaidh dliteanas fostóra, agus 54% le haghaidh dliteanas poiblí. Ba é luach iomlán na ndámhachtainí glactha ná €78 milliún. Tháinig laghdú ar an ráta glactha tar éis gur tugadh na Treoirlínte isteach in Aibreán 2021. Bhíothas ag súil leis seo nuair a chuirtear an t-athrú suntasach atá sna Treoirlínte san áireamh. Chonacthas go raibh an ráta glactha seasmhach agus tháinig méadú ní ba déanaí air in 2021 agus ba é an ráta glactha foriomlán don bhliain ná 44%.

***"Ba é 44% an ráta glactha foriomlán don bhliain."***

### Leibhéil Ghlactha Roimh na Treoirlínte

| Amhail an 1 Eanáir go dtí an 24 Aibreán 2021 | Dliteanas Mótair | Dliteanas Poiblí | Dliteanas Fostóirí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Glactha Iomlán | 55% | 56% | 55% | **55%** |

### Leibhéil Ghlactha Roimh na Treoirlínte

| Amhail an 24 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2021 | Dliteanas Mótair | Dliteanas Poiblí | Dliteanas Fostóirí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Glactha Iomlán | 34% | 45% | 39% | **37%** |

## Líon agus Luachanna Dámhachtainí

### Tábla 1.6 Líon agus Luachanna Dámhachtana de réir Bliana

| BLIAIN | LÍON DÁMHACHTAINÍ |
|---|---|
| **2016** | 12,966 |
| **2017** | 12,663 |
| **2018** | 12,112 |
| **2019** | 11,527 |
| **2020** | 8,587 |
| **2021** | 8,093 |

| BLIAIN | LUACH DÁMHACHTAINÍ (€ MILLIÚN) |
|---|---|
| **2016** | €315 |
| **2017** | €315 |
| **2018** | €299 |
| **2019** | €275 |
| **2020** | €206 |
| **2021** | €157 |

### Tábla 1.7 Luach iomlán na Meán-Dámhachtainí de réir catagóire

| | |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €17,945 |
| Dliteanas Fostóirí | €25,748 |
| Dliteanas Poiblí | €20,725 |
| **Meán Foriomlán** | **€19,451** |

### Tábla 1.8 Leibhéil Dámhachtana Roimh na Treoirlínte agus i ndiaidh na dTreoirlínte

| AN MHEÁN-DÁMHACHTAIN ROIMH NA TREOIRLÍNTE: | |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €24,409 |
| Dliteanas Fostóirí | €35,311 |
| Dliteanas Poiblí | €29,767 |
| **Meán Foriomlán** | **€26,712** |

| AN MHEÁN-DÁMHACHTAIN I nDIAIDH NA dTREOIRLÍNTE: | |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €13,241 |
| Dliteanas Fostóirí | €18,915 |
| Dliteanas Poiblí | €15,162 |
| **Meán Foriomlán** | **€14,333** |

Léiríonn na táblaí thuas gach dámhachtain lena n-áirítear cásanna tionóiscí marfacha.

Léiríonn Tábla 1.9 dáileadh an líon dámhachtainí de réir banda luacha maidir le dámhachtainí a rinneadh ó na chéad mheasúnuithe faoi na Treoirlínte i mí Aibreáin go dtí an 31 Nollaig i mbliana. Léiríonn an tábla gur tháinig méadú ar chéatadán na ndámhachtainí sna bandaí ní b'ísle le linn na tréimhse. Tá 20% de na dámhachtainí faoi bhun €5,000 anois, agus tá 29% idir €5,000 agus €10,000, rud a chiallaíonn go bhfuil beagnach leath (**49%) de na dámhachtainí faoi bhun €10,000 anois**. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le díreach 12% in 2020. Tá 72% de dhámhachtainí €15,000 nó níos lú anois i gcomparáid le díreach 30% de dhámhachtainí PIAB in 2020.

Bhí céatadán na gcásanna ardluacha, (cásanna os cionn €50k) seasmhach ag 4%. Léiríonn na figiúirí an difríocht sna leibhéil dámhachtana ó na trí chatagóir dliteanais (Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí).
Tá tionchar aige seo freisin ar an dlínse ina bhféadfadh dlíthíocht a bheith ann amach anseo (An Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt etc.), rud a d'fhéadfadh na costais dlí do na cásanna seo a laghdú freisin.

***… tá beagnach leath (49%) de na dámhachtainí faoi bhun €10,000 anois. Cuirtear é seo i gcomparáid le 12% in 2020.***

### Tábla 1.9 Raon na nDámhachtainí 2021 vs Roimh na Treoirlínte 2020




### Tábla 1.10 Na Dámhachtainí is Airde/is Ísle

| | Gach ceann | Roimh na Treoirlínte | I ndiaidh na dTreoirlínte |
|---|---|---|---|
| An Dámhachtain is Airde 2021 | €360,522 | €360,522 | €209,110 |
| An Dámhachtain is Ísle 2021 | €500 | €750 | €500 |

* Níl tionóiscí marfacha san áireamh sna figiúirí thuas

## Amlíne chun Measúnú a Dhéanamh

Lean bearta sláinte a bhaineann leis an bpaindéim le cur isteach ar an tseirbhís ag tús na bliana. Bhí ar PIAB beagnach 2,000 coinne leighis a athsceidealú ag tús 2021 mar gheall ar an bpaindéim agus a thionchar ar an gcóras cúraim shláinte. Ina theannta sin leanadh den suaitheadh a tharla in 2020 agus cuireadh isteach ar amlínte chun éilimh a mheasúnú in 2021. Ba é 10.5 mí an tréimhse anuraidh chun éileamh a mheasúnú ón dáta toilithe go dtí dáta na dámhachtana, méadú 1.5 mí ar an mbliain roimhe sin. Rinneamar an-dul chun cinn i rith na bliana maidir le hamlínte measúnaithe a thabhairt ar ais. Táimid ag obair go dian lenár bpobal leighis chun amlínte a thabhairt ar ais go 9 mí agus creidimid go mbainfear é seo amach.

# Éilimh a bhaineann le tionóiscí marfacha

Tá tionóiscí marfacha fíorthragóideach go háirithe do theaghlaigh na ndaoine a chailltear sna tionóiscí sin. Cuireann PIAB a chomhbhrón ó chroí in iúl do gach duine ar imigh daoine muinteartha leo ar shlí na fírinne i dtionóisc.

Ní dhéantar iarratais i gcás tionóiscí marfacha a mheasúnú ar an mbealach céanna le hiarratais eile ar chúiteamh díobhála pearsanta. Ní chuirtear na cásanna seo san áireamh maidir leis an anailís níos leithne toisc nach bhfuil tionchar ag tabhairt isteach na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta ar an measúnú ar dhamáistí a raibh tionóiscí marfacha i gceist leo.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021, go dtí an 31 Nollaig 2021, fuair PIAB 84 cás a bhain le tionóiscí marfacha, ar bhain 41 díobh le tionóiscí mótair, bhain 14 le tionóiscí san ionad oibre (EL), agus bhain 29 le tionóiscí dliteanais phoiblí de réir an tábla thíos.

## Dliteanas Mótair

Ar na 41 cás mótair a bhain le díobhálacha de bharr tionóiscí marfacha, bhain 13 le coisithe, bhain 11 le paisinéirí, bhain 8 le tiománaithe, bhain 4 le gluaisrothaithe, bhain 5 le rothaithe.

B'fhir iad 28 díobh sin a bhásaigh de bharr tionóiscí marfacha agus ba mhná iad 13.

## Dliteanas Fostóirí

Fuair PIAB 14 iarratas i dtaobh tionóiscí marfacha maidir le Dliteanas Fostóra in 2021. B'fhir iad 12 de na daoine a raibh tionóisc mharfach i gceist leo agus ba mhná iad beirt.

Caithimid súil níos géire thíos ar chúis, ar ghníomhaíocht agus ar tharlú na dtionóiscí marfacha sin.

| Cúis Sheachtrach le Tionóiscí Dliteanais Fostóra | Líon |
|---|---|
| Mar gur rugadh air, gur brúdh, gur sáinníodh nó gur fáisceadh duine in nó idir oibiachtaí | 3 |
| Mar gheall ar chaitheamh, teilgean nó titim oibiachta | 2 |
| Neamhchosaint ar aispeist | 2 |
| Eile | 2 |
| Teagmháil le hinnealra talmhaíochta | 1 |
| Coisí a ndearnadh díobháil dó/di mar gheall ar thuairt le traein iarnróid nó feithicil iarnróid | 1 |
| Neamhchosaint ar shruth leictreach neamhshonraithe | 1 |
| Titim ón leibhéal céanna | 1 |
| Duine lasmuigh den fhorcardaitheoir a ndearnadh díobháil dó/di dtionóisc sa limistéar tionsclaíoch | 1 |
| **Iomlán** | **14** |

| Gníomhaíocht Dliteanais Fostóra | Líon |
|---|---|
| Foirgníocht | 5 |
| Caifé/cúram leanaí/airgeaddas/oideachas/fóntais | 2 |
| Iompar agus stóras | 2 |
| Talmhaíocht/foraoiseacht/iascaireacht | 1 |
| Riaradh rialtais agus cosaint | 1 |
| Déantúsaíocht | 1 |
| Le linn a bheith ag obair ar son ioncaim, neamhsonraithe | 1 |
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola – bia/crua-earraí/breosla/mótar/earraí tí | 1 |
| **Iomlán** | **14** |

| Tarlú Tionóiscí Dliteanais Fostóra | Líon |
|---|---|
| Limistéar tionsclaíochta agus foirgníochta, monarchan agus gléasra | 7 |
| Limistéar trádála agus seirbhíse – aerfort/stáisiún bus/teilfís/raidió | 2 |
| Caifé, óstán agus bialann | 1 |
| Limistéar tionsclaíochta agus foirgníochta | 1 |
| Limistéar Institiúideach agus riaracháin phoiblí-séipéal/halla/pictiúrlann/club/cúirt/ionad | 1 |
| Siopa agus stór | 1 |
| Limistéar spóirt agus lúthchleasaíochta | 1 |
| **Iomlán** | **14** |

## Dliteanas Poiblí

Fuair PIAB 29 iarratas i dtaobh tionóiscí marfacha maidir le Dliteanas Poiblí in 2021. B'fhir iad 18 díobh sin a bhásaigh de bharr tionóiscí marfacha agus ba mhná iad 11. Caithimid súil níos géire thíos ar chúis, ar ghníomhaíocht agus ar tharlú na dtionóiscí marfacha sin.

| Cúis Sheachtrach Dliteanais Phoiblí | Líon |
|---|---|
| Faillí leighis | 9 |
| Titim ón leibhéal céanna | 6 |
| Eile | 4 |
| Mar gheall ar ionsaí ó tharbh | 2 |
| Titim mar thoradh ar sciorradh, tuisle agus barrthuisle ag an leibhéal céanna | 2 |
| Mar thoradh ar earra coimhthíoch ag dul isteach sa tsúil nó tríd an tsúil nó oscailt nádúrtha | 2 |
| Ionsaí mar thoradh ar chorpfhórsa | 1 |
| An duine a bhí sa charr (tiománaí) a ndearnadh díobháil dó/di i dtionóisc iompair nach raibh tuairt i gceist léi | 1 |
| Díobhálacha ó thionóisc mharfach de bharr urchar gunna | 1 |
| Riocht nosacómach* | 1 |
| **Iomlán** | **29** |

*maidir le galar a thosaigh in ospidéal

| Gníomhaíocht Dliteanais Fostóra | Líon |
|---|---|
| Seirbhísí sláinte | 13 |
| le linn a bheith ag ligean scíthe, bheith i do chodladh, ag ithe nó i mbun gníomhaíochtaí eile atá riachtanach don bheatha | 5 |
| Gníomhaíocht neamhshonraithe | 4 |
| Talmhaíocht/foraoiseacht/iascaireacht | 2 |
| Foirgníocht | 2 |
| Gníomhaíocht shonraithe eile | 1 |
| Áineas/caitheamh aimsire/fóillíocht | 1 |
| Spórt/aclaíocht | 1 |
| **Iomlán** | **29** |

| Tarlú Tionóiscí Dliteanais Fostóra | Líon |
|---|---|
| Limistéar seirbhíse sláinte | 15 |
| Institiúid chónaithe | 4 |
| Feirm | 2 |
| Baile | 2 |
| Limistéar tionsclaíochta agus foirgníochta | 2 |
| Caifé, óstán agus bialann | 1 |
| Limistéar spóirt agus lúthchleasaíochta | 1 |
| Sráid agus mórbhealach, bóthar | 1 |
| Tarlú Tionóiscí Dliteanais Fostóra | 1 |
| **Iomlán** | **29** |

# Súil Níos Géire

Sa chéad chaibidil eile caithfimid súil níos géire ar éilimh Dliteanais Mótair, Dliteanais Fostóra agus Dliteanais Phoiblí agus díreofar go háirithe ar na díobhálacha a bhí mar thoradh ar na héilimh seo. San iomlán, rinneadh anailís ar 76,044 píosa sonraí ó 21,410 éileamh chun na figiúirí thíos a sholáthar. Tá na torthaí an-chomhsheasmhach ó bhliain go bliain. Is iad díobhálacha muiníl agus droma an díobháil is coitianta ar fad a bhfuil éileamh chuig PIAB mar thoradh orthu agus is ionann iad agus 50% de dhíobhálacha, ar miondíobhálacha a bhaineann le fíochán bog 90% díobh. Tá roinnt sonraí fíorthábhachtacha ar fáil ar éilimh Dliteanais Mhótair, Dliteanais Fostóra agus Dliteanais Phoiblí thíos:

***Is iad díobhálacha muiníl agus droma an díobháil is coitianta ar fad a bhfuil éilimh chuig PIAB mar thoradh orthu agus is ionann iad agus 50% de dhíobhálacha, ar miondíobhálacha a bhaineann le fíochán bog 90% díobh***

## Dliteanas Mótair:

Tá éilimh dliteanais mhótair ar an gcatagóir éileamh is mó in Éirinn fós.

Fuair PIAB 11,409 iarratas ar éileamh mótair in 2021 agus d'eisíomar 5,606 dámhachtain. Ba é an mheán-dámhachtain sa chatagóir seo ná €17,945 i gcomparáid le €22,357 in 2020.

Baineann formhór na ndíobhálacha sa chatagóir seo le díobhálacha a bhaineann le fíochán bog, go háirithe sa mhuineál agus sa droim, óna dtagann formhór na n-éilitheoirí slán.

Caitear súil níos géire thíos ar éilimh Dliteanais Mhótair bunaithe ar líon na n-éileamh a fuarthas ó Éilitheoirí in 2021. Tugtar faoi deara gur bhain 54.5% de na tionóiscí dliteanais mótair le tiománaí feithicle (seo laghdú 2.5% ar fhigiúirí 2020); bhain 33% le paisinéirí i bhfeithicil, (is méadú 1.5% é seo ar fhigiúirí 2020); bhain 5.5% le coisithe, bhain 5% le rothaithe, agus bhain 2% le gluaisrothaithe.

### Na Díobhálacha is Coitianta

D'fhéachamar arís i mbliana ar na díobhálacha ba choitianta a bhain do dhaoine a raibh baint acu le tionóiscí bóthair. Sna staitisticí thíos, is léir gur díobhálacha a bhaineann le fíochán bog atá i gceist le 80% de na díobhálacha a bhaineann le héilimh mhótair. Chun críche na hanailíse, bhí leonadh agus stangadh dhromlach an mhuiníl i gceist le 50% de na díobhálacha; bhí leonadh agus stangadh an dromlaigh lumbaigh (íochtar an droma) i gceist le 14% de na díobhálacha; Bhí leonadh agus stangadh alt na gualainne i gceist le 7.5% de na díobhálacha; agus bhí leonadh agus stangadh an dromlaigh thoracsaigh (lár an droma) i gceist le 3.5% de na díobhálacha.

### Anailís ICD-10 2021 ar Dhíobhálacha Dliteanais Mótair in Éilimh curtha faoi bhráid PIAB

Baineann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte úsáid as córas ICD-10 chun díobhálacha a chatagóiriú. Códaíonn PIAB díobhálacha chun críocha staidrimh i gcomhréir leis.

## ICD10 Díobháil 1 Dliteanas Mótair




Díobhálacha a bhaineann le fíochán bog atá i gceist le 80% de na díobhálacha a bhaineann le héilimh mhótair.

### Tionóiscí Dliteanais Mhótair 2021

**54.5%** (-2.5%)
Tiománaithe feithicle ba ea 54.5% de na hÉilitheoirí

**33%** (+0.5%)
Paisinéir feithicle ba ea 33% de na hÉilitheoirí

**5.5%** (+0.5%)
Coisithe ba ea 5.5% de na hÉilitheoirí

**5%** (+0.5%)
Rothaithe ba ea 5% de na hÉilitheoirí

**2%** (N/C)
Gluaisrothaithe ba ea 2% de na hÉilitheoirí

* Is ionann na figiúirí idir lúibíní agus na figiúirí comhfhreagracha ó 2020

### Na 4 Dhíobháil Dliteanais Mhótair is Coitianta in 2021

**50%** (-1%)
Bhí leonadh agus stangadh dhromlach an mhuiníl i gceist le 50% de dhíobhálacha Dliteanais Mhótair

**14%** (-2%)
Bhí leonadh agus stangadh dhromlach an lumbaigh i gceist le 14% de dhíobhálacha Dliteanais Mhótair

**7.5%** (-0.5%)
Bhí leonadh agus stangadh alt na gualainne i gceist le 7.5% de dhíobhálacha

**3.5%** (n/c)
Bhí leonadh agus stangadh an dromlaigh thoracsaigh i gceist le 3.5% de thionóiscí Dliteanais Mhótair

## Dliteanas Fostóirí

Is iad éilimh dliteanais fostóirí an chatagóir éilimh is lú arb ionann iad agus 13% de na dámhachtainí go léir a rinneadh in 2021.

Fuair PIAB 4,227 iarratas ar Dhliteanas Fostóra in 2021 agus d'eisigh sé 1,051 dámhachtain sa chatagóir sin. Ba é an mheán-dámhachtain Dliteanais Fostóra €25,748.

### Cúis

Nuair a dhéanaimid breithniú ar chúis na dtionóiscí san ionad oibre, is léir go raibh titim i gceist le 24% de na tionóiscí ar an leibhéal céanna ó sciorradh, tuisle agus/nó barrthuisle. Is méadú 2% é seo ar fhigiúirí na bliana seo caite. Ina theannta sin, tharla 20.5% mar gheall ar róshaothar nó gluaiseachtaí láidre nó athfhillteacha; tharla 16% nuair a bualadh duine le hoibiacht a caitheadh, a teilgeadh nó a thit; agus tharla 9.5% mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna.

### Tarlú

Tharla beagnach trian (30%) de thionóiscí dliteanais fostóra i monarchan nó ag planda, Sin méadú 4% ó 2020. Tharla 13% de thionóiscí Dliteanais Fostóra i siopa. Is méadú 1.5% é seo ar an mbliain seo caite. Tharla 12% de na tionóiscí i limistéar tionsclaíoch agus/nó tógála agus 10.5% i saoráid seirbhíse sláinte.

**Tarlú Tionóiscí Dliteanais Fostóra 2021**

**30% (+4%)** Tharla 30% de thionóiscí i monarchan nó planda

**12% (-0.5%)** Tharla 12% de thionóiscí dliteanais fostóra i limistéar tionsclaíoch agus/nó tógála

**13% (+1.5%)** Tharla 13% de thionóiscí dliteanais fostóra in 2020 i siopa nó stór

**10.5% (+0.5%)** Tharla 10.5% de thionóiscí dliteanais fostóra in 2020 i limistéar seirbhíse sláinte

## Cúis Sheachtrach le Tionóiscí Dliteanais Fostóra 2021



**24% (+2%)**
Tharla 24% de thionóiscí mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna mar thoradh ar sciorradh, tuisle agus/nó barrthuisle



**16% (+0.5%)**
Tharla de thionóiscí dliteanais fostóra mar gheall ar chaitheamh, teilgean nó titim oibiachta



**20.5% (+0.5%)**
Tharla 20.5% de thionóiscí dliteanais fostóra mar gheall ar róshaothar agus gluaiseachtaí láidre agus/nó gluaiseachtaí athfhillteacha



**9.5% (+0.5%)**
tharla 9.5% de thionóiscí mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna

### Díobháil ICD10 1 Dliteanais Fostóra




### Na díobhálacha Dliteanais Fostóra is coitianta



## Dliteanas Poiblí

Eascraíonn éilimh Dliteanais Phoiblí as tionóiscí a tharlaíonn in áiteanna poiblí.

5,774 ba ea líon na n-éileamh dliteanais phoiblí a fuair PIAB in 2021 agus ba é 1,436 líon na ndámhachtainí Dliteanais Phoiblí a rinneadh. Ba é an mheán-dámhachtain sa chatagóir seo ná €20,725.

### Cúiseanna Seachtracha le Tionóiscí Dliteanais Phoiblí 2021

**65%** (+1%)
**Tharla 65% de thionóiscí mar gheall ar thitim ar an leibhéal céanna mar thoradh ar sciorradh, tuisle nó barrthuisle**

**7.5%** (N/C)
**de thionóiscí dliteanais phoiblí mar gheall ar chaitheamh, teilgean nó titim oibiachta**

**7.5%** (+0.5%)
**Tharla 7.5% de thionóiscí dliteanais phoiblí mar gheall ar ionsaí mar thoradh ar chorpfhórsa**

**7.5%** (-0.5%)
**Tharla 7.5% de thionóiscí tionóiscí phoiblí a tharla mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna**

### Tarlú Tionóiscí Dliteanais Phoiblí 2021

**20%** (+1%)
**Tharla 20% de thionóiscí dliteanais phoiblí i siopa agus/nó stór**

**18%** (N/C)
**Tharla 18% de thionóiscí dliteanais phoiblí ar bhóthar**

**12%** (+2.5%)
**Tharla 12% de thionóiscí dliteanais phoiblí ar chosán**

**10%** (-5%)
**Tharla 10% de thionóiscí dliteanais phoiblí**

### Cúis

Tharla beagnach dhá thrian (65%) de thionóiscí dliteanais phoiblí mar thoradh ar sciorradh, tuisle nó barrthuisle ón leibhéal céanna. Tharla 7.5% de thionóiscí dliteanais phoiblí mar gheall ar oibiachtaí a bhí á gcaitheamh, á dteilgean nó ag titim; tharla 7.5% de thionóiscí mar gheall ar ionsaí mar thoradh ar chorpfhórsa; agus tharla 7.5% le titim ón leibhéal céanna.

### Tionóisc

Tharla an cúigiú cuid (20%) de thionóiscí Dliteanais Phoiblí i siopa agus/nó i stór; tharla 18% ar bhóthar; tharla 12% ar chosán, méadú 2.5% ar fhigiúirí na bliana seo caite; tharla 10% i mbialann agus/nó i dteach tábhairne ar laghdú 5% é ar fhigiúirí na bliana seo caite.

### ICD 10 Díobháil 1 Dliteanais Phoiblí




### Na 10 ndíobháil Dliteanais Phoiblí is coitianta



## Léarscáil ina léirítear dáileadh réigiúnach na ndámhachtainí



# 3 Díobhálacha Pearsanta: Tírdhreach atá ag Forbairt

**Ó bunaíodh é in 2004, chuir PIAB a chuid seirbhísí ar fáil de réir múnla atá cothrom agus neamhspleách maidir le cúiteamh díobhála pearsanta a théann chun sochair do na páirtithe uile agus don tsochaí ina hiomláine. Ina theannta sin, tacaíonn PIAB go láidir le hathrú agus spreagann sé é, trí shonraí a fhoilsiú agus trí mholtaí a dhéanamh chun a sheirbhísí a leathnú agus a fheabhsú, chomh maith le trí leasuithe eile a chur chun cinn. Ba bhliain í 2021 inar cuireadh na hathchóirithe a beartaíodh le blianta beaga anuas chun feidhme. Ba iad na príomhréimsí oibre:**

- Chuir PIAB a Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta i bhfeidhm (ábhar a pléadh sa chaibidil roimhe seo)
- D'fhoilsigh PIAB a thaighde féin chomh maith le comhoibriú gníomhach le taighde an Bhainc Ceannais
- Tiomantas leanúnach an Rialtais don réimse seo mar atá léirithe ag obair an Choiste Comh-Aireachta ar Athchóiriú Árachais,
- Rannpháirtíocht ghníomhach PIAB, agus tacaíocht PIAB maidir le reachtaíocht nua a dhréachtú chun cumhachtaí na heagraíochta a fheabhsú agus a leathnú

## Banc Ceannais (NCID)

In 2021, d'fhoilsigh an Banc Ceannais dhá thuarascáil árachais faoin mBunachar Sonraí Náisiúnta um Fhaisnéis ar Éilimh (NCID). Ba é an chéad cheann, a foilsíodh i mí Iúil 2021, Tuarascáil maidir le Dliteanas Fostóirí, Dliteanas Poiblí agus Árachas Maoine Tráchtála 1. Ba é an dara ceann ná Tuarascáil Mótair Phríobháidigh 3 a foilsíodh i mí na Samhna 2021. Tugann an dá thuarascáil le fios go bhfuil seirbhís an PIAB i bhfad níos saoire agus níos tapúla ná dlíthíocht.

Léiríodh sa chéad tuarascáil gurbh ionann na meánchostais dlí d'éilimh a réitíodh trí PIAB agus tuairim is €1,000 i gcomparáid le costais dlí arb ionann é agus €21,000 trí dhlíthíocht. Léirigh an tuarascáil freisin gur réitíodh éileamh (ón uair a tuairiscíodh tionóisc) trí PIAB i gceann 1.8 bliain i gcomparáid le 4.5 bliana nuair a réitíodh é trí dhlíthíocht. Nuair a bhreithnímid an meánmhéid cúitimh le haghaidh éileamh faoi €150,000, thug an tuarascáil le fios nach bhfuair éilitheoir ach beagán níos mó cúitimh tríd an bpróiseas dlíthíochta: €35,642 i gcomparáid le €31,250.

Is léir go bhfuil torthaí cosúla ar fáil sa *Tuarascáil Mótair Phríobháidigh*. Bhí méideanna cúitimh inchomparáide go ginearálta ach bhí difríocht shuntasach idir costais dlí agus an t-am a thóg sé chun éilimh a réiteach. Ar an meán, fuarthas amach sa tuarascáil gurbh iad na costais dlí a bhain leis na héilimh seo a réiteach trí dhlíthíocht ná €16,064. Is díreach €841 a bhaineann le costais dlí trí phróiseas an PIAB, rud is ionann agus difear €15,000 in aghaidh gach éilimh. Bhí difríocht shuntasach idir an t-am a thóg sé le héilimh a réiteach, thóg sé 4.2 bliain ar an meán le héilimh a réiteach in 2020 de réir mhúnla na dlíthíochta agus thóg sé 2.3 bliain le héilimh a réiteach a socraíodh de réir mhúnla an PIAB.

## Plean Gníomhaíochta le haghaidh Athchóiriú Árachais

Ag tús na bliana 2021 bunaíodh Coiste Comh-Aireachta go hoifigiúil chun maoirseacht a dhéanamh ar Ghealltanais ar Athchóiriú Árachais de chuid Chlár an Rialtais. Tá an Tánaiste ina chathaoirleach ar an ngrúpa agus tá an obair á treorú ag an Roinn Airgeadais. Chun tacú leis an ngníomhaíocht is tábhachtaí maidir le Plean Gníomhaíochta an Rialtais chun PIAB a Fheabhsú agus a Athchóiriú, bhí caidreamh leanúnach againn leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i rith 2021. Dhírigh ár gcuid

oibre chun tacú lenár máthair-roinn sa réimse seo ar líon na gcásanna atá á scaoileadh ag PIAB isteach sa chóras dlíthíochta a mhaolú chomh maith le hullmhú d'idirghabháil ó PIAB mar fheidhm nua. Chuimsigh sé seo obair leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i dtaca leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, rannpháirtíocht agus ceardlanna le roinnt mhaith rannpháirtíocht agus ceardlanna le roinnt mhaith eagraíochtaí eile inar tairgeadh seirbhís idirghabhála, obair shamhaltaithe costais i dtaca le hidirghabháil mar sheirbhís ó PIAB agus forbairt scéime ghinearálta ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis an m*Bille um Athchóiriú PIAB.*

## Bille Boird um Díobhálacha Pearsanta a Réiteach 2022

I Márta 2021, sheol an Roinn próiseas comhairliúcháin phoiblí inar tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le PIAB a fheabhsú agus a athchóiriú. Fuarthas rannpháirtíocht agus tacaíocht ghníomhach sa chomhairliúchán maidir le bearta chun ról agus seirbhísí PIAB a leathnú. Rinneadh obair ar dhréacht-reachtaíocht ina dhiaidh sin agus rinneadh dréachtú ar reachtaíocht nua fhéideartha nuair a foilsíodh Cinn na Scéime Ginearálta den Bhille um an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta i bhFeabhra na bliana 2022. Moltar faoin Scéim Ghinearálta go gcuirfear le sainchúram PIAB agus go mbeidh feidhmeanna reachtúla nua ag PIAB chun Éilimh Díobhálacha Pearsanta a réiteach. Is é an t-athrú ar ár n-ainm an ceann is soiléire. Moltar go n-athróimid ár n-ainm ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta go dtí an Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta.

Tá roinnt príomhghnéithe ag baint leis an mBille seo:

- Seirbhís idirghabhála chun cabhrú le réiteach éileamh atá dírithe ar éilimh díobhála pearsanta atá á réiteach faoi láthair trí bhealach dlíthíochta níos costasaí agus níos faide.
- Déanfaidh PIAB cúram de chásanna atá go hiomlán síceolaíoch.
- I gcás go bhfuil díobháil fós le réiteach, beidh am breise ag PIAB chun measúnú a dhéanamh ar na héilimh sin.
- Tabharfar bearta nua isteach maidir le cur i láthair calaoise. Beidh sé de cheart ag PIAB cruthúnas céannachta a lorg agus faisnéis a nochtadh don Gharda Síochána chun cabhrú le calaois a laghdú.
- Bearta a bhaineann le discréid na gCúirteanna maidir le costais dlí mura sáraíonn dámhachtain Cúirte measúnú bunaidh PIAB.

Táimid ag tnúth leis an gcéad chaibidil eile sa phróiseas um athchóiriú agus le leanúint le réiteach tapa, éifeachtach agus cothrom ar éileamh a sholáthar a théann chun sochair do gach duine.

4

# Nuálaíocht agus Sármhaitheas Custaiméirí

**Is eagraíocht muid atá tiomanta go hiomlán do shármhaitheas a bhaint amach agus a chothabháil i seirbhís do chustaiméirí. Déanaimid ár ndícheall seirbhís chomhbhách, fhreagrúil agus éifeachtach a sholáthar dár gcustaiméirí go léir agus tugaimid tús áite freisin do sholúbthacht agus nuálaíocht.**

Léiríodh é seo trína thapúla agus a bhí PIAB in ann a phróisis a athrú ó bhonn le bheith réidh do chur i bhfeidhm na dTreoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta laistigh de shé seachtaine ón tráth a fógraíodh an t-athrú go dtí go dtiocfadh na Treoirlínte i bhfeidhm.

Tá sé ríthábhachtach do PIAB seirbhís den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá Ionad Seirbhíse tiomnaithe ag an eagraíocht atá ar oscailt ó 8am go 6pm ó Luan go hAoine. Cuireann sé feidhm comhrá gréasáin ar fáil ar a shuíomh Gréasáin freisin.

## Seirbhís do Chustaiméirí 2021

*"Shocraigh PIAB 16,788 coinne leighis d'Éilitheoiri."*

Cuireann PIAB seirbhísí ar fáil dá chustaiméirí ina Lárionad Measúnaithe agus ina Lárionad Seirbhíse araon. Seo thíos figiúirí a léiríonn ár líon seirbhíse le linn 2021:

- I rith na bliana dhéileáil an eagraíocht le 25,506 glao teileafóin isteach (i gcomparáid le 32,195 in 2020) agus 453 comhrá gréasáin (i gcomparáid le 695 in 2020)
- Rinneadh comhfhreagras maidir le 183,365 éileamh reatha agus 21,410 éileamh nua a scanadh agus a phróiseáil
- Dhéileáil ár nIonad Seirbhíse le 197,132 agus 922 facs isteach (i gcomparáid le 1,648 in 2020)
- Shocraigh PIAB 16,788 coinne leighis d'Éilitheoirí mar chuid dá phróiseas measúnaithe

**197,132**
**ríomhphost isteach (i gcomparáid le 177,156 in 2020)**

**25,506**
**glao teileafóin isteach (i gcomparáid le 32,195 in 2020)**

**453**
**comhrá gréasáin (i gcomparáid le 695 in 2020)**

**16,788**
**coinne leighis d'Éilitheoirí mar chuid dá phróiseas measúnaithe**

## Suíomh gréasáin

Tháinig laghdú ar líon na gcuairteanna ar shuíomh Gréasáin PIAB ó 329,494 in 2020 go 254,336 in 2021. D'fhéadfadh sé gur tharla sé seo mar gheall ar an laghdú ar éileamh díobhála pearsanta mar thoradh ar an laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch.

Tá faisnéis ar shuíomh Gréasáin PIAB ar raon roghanna agus bealaí inar féidir le daoine ár seirbhís a úsáid, lena n-áirítear an Tairseach Aturnae agus saoráid chun iarratas ar líne a uaslódáil go díreach.

Cuireann comhaltaí foirne oilte agus a bhfuil taithí acu faisnéis ar fáil ar an nguthán agus tríd an tseirbhís comhrá gréasáin, chomh maith le freagraí ríomhphoist.

## Digitiú Sheirbhísí PIAB

Leanann PIAB lena bhonneagar digiteach a fhorbairt le níos mó custaiméirí ag dul i dteagmháil trí thairiscintí seirbhíse feabhsaithe ar líne. Bhí fócas na hoibre sa réimse seo le linn 2021 ar ullmhú agus ar dhul chun cinn nós imeachta soláthair idirphlé iomaíoch le haghaidh ardán nua bainistithe éileamh. Ag tús na bliana, chuireamar creat-chomhaontú il-oibreora soláthraithe seirbhíse i bhfeidhm. Cuireadh an chéad riachtanas tarraingthe anuas ón gcreat seo i gcrích nuair a ceapadh Bainisteoir Cláir don tionscadal i lár na bliana. Ó shin i leith, leanadh leis an obair sna réimsí seo a leanas: forfheidhmiú an choiste stiúrtha, obair rannpháirtíochta agus pleanáil do chlár ceardlann agus soláthar breise.

## Gearáin Custaiméirí

Is eagraíocht seirbhíse phoiblí é PIAB agus is cúis bróid dúinne é seirbhís thiomanta a sholáthar do chustaiméirí. Chun ardleibhéal seirbhíse do chustaiméirí a choinneáil, tá sé ríthábhachtach go gcinntímid gur féidir le custaiméirí aiseolas a sholáthar ar ár seirbhísí nó ar sheirbhísí soláthraithe a bhaineann lenár bpróiseas. Tá nós imeachta foirmiúil gearán ag PIAB, agus tá sonraí ina leith le fáil ar ár suíomh Gréasáin.

In 2021 fuair PIAB 85 gearán ar fad. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ba iad na gearáin a bhain le scrúduithe leighis na cinn ba choitianta.

Bhain na réimsí eile ina bhfuarthas gearáin le saincheisteanna riaracháin agus leis na hathruithe a tharla de thoradh na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta.

B'ionann na gearáin agus 0.4% de na hiarratais go léir a rinneadh in 2021.

## Cumarsáid agus Feasacht

### Feachtas Fógraíochta

I Samhain 2021 sheolamar feachtas fairsing fógraíochta do thomhaltóirí a chlúdaigh an preas náisiúnta agus raidió náisiúnta, áitiúil agus na cathrach chomh maith le fógraíocht dhigiteach.

Ba é an príomhchuspóir a bhí againn ná feasacht a mhéadú ar sheirbhís PIAB atá ar chostas íseal agus tapa agus faisnéis a sholáthar ar conas is féidir le héilitheoirí úsáid a bhaint as seirbhís an PIAB. Bhain na fógraí úsáid as radhairc a mbeadh tionchar acu agus as cliblínte speisialta i dtaca leis an téama "Bí níos Fearr go luath'. Thug an fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil d'éisteoirí agus do léitheoirí le fios go bhféadfaidís cúiteamh den chineál céanna a fháil níos tapúla agus níos saoire trí úsáid a bhaint as PIAB i gcomparáid le dlíthíocht. Spreag an feachtas gníomhaíocht mhéadaithe maidir le suíomh gréasáin an PIAB.

### Seimineáir Ghréasáin

I rith 2021, rinneamar óstáil ar roinnt imeachtaí seimineáir ghréasáin dár bpáirtithe leasmhara agus dár gcustaiméirí ar na Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta. Thug an chéad cheann díobh seo nuashonrú úsáideach ar na Treoirlínte nua maidir le Díobhálacha Pearsanta, conas a n-oibreodh siad

agus cad iad na príomhathruithe. Chomh maith leis sin, reáchtáileamar seimineár gréasáin ar ar fhreastail go leor daoine le haghaidh gairmithe meánacha a bhí dírithe ar chomhaltaí phainéal leighis an PIAB, rud a chuir faisnéis ar fáil maidir leis an gcaoi a n-oibreodh na Treoirlínte ó thaobh tuairisciú leighis agus dlí de. Anuas air sin, ghlacamar páirt i seimineáir ghréasáin a reáchtáil an tAontas um Athchóiriú Árachais, an Institiúid Árachóirí agus comhdháil bhliantúil an Athbhreithnithe Sláinte agus Sábháilteachta.

### Grúpaí Oibre

Tá ionadaíocht ag PIAB agus glacann sé páirt ghníomhach i roinnt coistí tionscail agus grúpaí oibre lena n-áirítear:

- Painéal Comhairliúcháin Sábháilteachta Feithiclí a Bhaineann le hObair an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta
- Grúpa Oibre Bhille Cúitimh an Gharda Síochána
- Grúpa Oibre na Scéime Cúitimh maidir le Díobhálacha Coiriúla
- Bunachar Sonraí Faisnéise Náisiúnta um Éilimh an Bhainc Ceannais (NCID) – Foghrúpa sonraí
- Fóram Úsáideoirí an Dlí-Chumainn

# 5 Ár nDaoine

**Sa Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, is iad ár ndaoine an tsócmhainn is mó atá againn. Is cúis bróid dúinn go bhfuilimid inár bhfostóir ionchuimsitheach agus comhdheiseanna agus fáiltímid le héagsúlacht agus déanaimid ceiliúradh uirthi. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tuigimid an tábhacht agus an luach a bhaineann le éagsúlacht agus déanaimid ár ndícheall é sin a léiriú sna daoine a fhostaímid agus tríd an obair a dhéanaimid.**

Tá sláinte, sábháilteacht agus folláine ár bhfostaithe thar a bheith tábhachtach. Leanamar ar aghaidh le cloí le treoirlínte an rialtais i rith 2021 i gcomhthéacs phaindéim Covid-19 agus níor cuireadh ach comhaltaí foirne riachtanacha ar an uainchlár le haghaidh freastal oifige ar feadh an chuid is mó den bhliain.

Mar gheall ar ghné na reachtaíochta maidir le próiseas oibríochta PIAB, choinníomar líon beag foirne a d'fhreastail ar an oifig le linn na dtréimhsí dianghlasála éagsúla in 2021, cé go raibh rochtain ag gach ball foirne ar chianobair i gcónaí. Ba é an chúis a bhí le freastal oifige le linn ordú fanacht sa bhaile ná leanúint lenár n-oibríochtaí gnó maidir le tascanna riachtanacha a dhéanamh mar phriontáil, postáil agus scanadh. Tá ceanglas dlíthiúil ar PIAB Fógraí Reachtúla áirithe agus comhfhreagras eile a sheirbheáil tríd an bpost, nuair nach féidir an comhfhreagras seo a sheirbheáil go leictreonach. I bhfianaise threoirlínte an Rialtais agus treoirlínte sláinte poiblí/staid na sláinte a bhí i bhfeidhm i Meán Fómhair 2021, d'fhill foireann PIAB ar an oifig de réir a chéile ó mhí Dheireadh Fómhair. Cuireadh oiliúint ar gach ball foirne maidir le Filleadh ar an Oifig lena chinntiú go raibh siad feasach ar ár bprótacail, ar na bearta a bhí curtha i bhfeidhm againn chun an fhoireann a chosaint agus ar na freagrachtaí a bhí orthu faoi phlean PIAB um Fhilleadh ar an Oifig.

I rith 2021 d'fhorbraíomar Treoirlínte um Obair Chumaisc a thiocfaidh i bhfeidhm in 2022 faoi réir aon chomhairle sláinte poiblí, i rith na bliana bhí PIAB réamhghníomhach maidir leis na treoirlínte seo a fhorbairt chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go pras agus chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Chianobair ba mhaith le PIAB an cruthaitheacht agus an nuálaíocht a thagann chun cinn nuair a bhuaileann daoine lena chéile. Tuigeann an PIAB freisin gur rud nua dúinn ar fad a bheith ag obair i dtimpeallacht chianda agus cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad chun cur leis na scileanna atá acu cheana féin maidir le bheith ag obair i dtimpeallacht Oibre Cumaisc. Ina theannta sin, i bhfianaise na timpeallachta nua ina n-oibrímid, tá fócas feabhsaithe againn ar Chibearshlándáil.

## Obair Riachtanach le linn na Paindéime/Filleadh ar an Oifig/ Obair Trí COVID-19

Mar a luaitear thuas, d'fhorbraíomar Plean um Fhilleadh ar an Oifig in 2021. Ba é seo ár sreangfhráma maidir le conas filleadh ar an oifig a bhainistiú go sábháilte agus rinne ár nGrúpa bainistíochta RTO maoirsiú air agus bhí ról lárnach ag ár bpríomhionadaí oibrithe chomh maith le haiseolas ríthábhachtach a sholáthar dúinn i rith na bliana. Is teist é iniúchadh rathúil ar athléimneacht PIAB i dtaobh COVID-19 maidir le hobair na ndaoine aonair go léir a bhí páirteach ann agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil agus aitheantas a thabhairt dá gcuid oibre i rith na bliana.

## Oiliúint agus Folláine

Mar a luadh ní ba luaithe sa Tuarascáil seo tháinig na Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta i bhfeidhm ón 24 Aibreán 2021. Is é PIAB an phríomheagraíocht a chuireann na Treoirlínte arna nglacadh ag Comhairle na mBreithiúna i

bhfeidhm. Is athrú mór iad na Treoirlínte maidir leis an timpeallacht díobhálacha pearsanta agus tabharfaidh siad níos mó comhsheasmhachta agus trédhearcachta i dtimpeallacht na n-éileamh chun a chinntiú go nglacfar níos mó le dámhachtainí PIAB. Cuireadh oiliúint fhairsing ar fhoireann PIAB maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na dtreoirlínte seo chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas acu chun éilimh a mheasúnú go hinniúil faoi na treoirlínte nua. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann freisin maidir le sainréimsí amhail Éilimh Tionóiscí Marfacha agus réimsí a bhaineann lena sainriachtanais theicniúla. Tugadh cuireadh freisin don fhoireann go léir freastal ar oiliúint ar claontachtaí cognaíocha coitinn – chun tacú linn go léir inár bpróiseas cinnteoireachta.

***"Cuireadh seisiúin eolais ar Chosaint Sonraí ar fáil don fhoireann ar fad."***

De réir mar a d'fhill an fhoireann ar an oifig i rith na bliana chuir PIAB le líon na gCúntóirí Ionadaíochta Oibrithe Ceannais agus cuireadh oiliúint ar fáil do na róil seo chomh maith le hOiliúint um Fhilleadh ar an Oifig don fhoireann ar fad chun a chinntiú go raibh an fhoireann ar an eolas faoi na réamhchúraimí, na bearta coisctheacha agus na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a mhaolú.

I bhfianaise a íogaire agus a rúnda atá an fhaisnéis a bhfuil rochtain ag PIAB uirthi, cuirtear oiliúint rialta ar an bhfoireann maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil d'fhonn cearta aon duine a sholáthraíonn a gcuid faisnéise pearsanta a chosaint. In 2021 cuireadh seisiúin eolais ar Chosaint Sonraí ar fáil don fhoireann ar fad. Cuireadh oiliúint Éigeantach Cibearshlándála ar fáil don fhoireann ar fad i rith na bliana freisin.

Chuaigh PIAB i dteagmháil freisin le cóitseálaí sláinte agus feidhmíochta chun ceardlanna fíorúla a sholáthar ar mhaithe leis an intinn, corp agus spiorad a spreagadh agus a fhócasú athuair d'fhonn rannpháirtithe a chumasú chun feabhsuithe inbhuanaithe agus inláimhsithe a dhéanamh ar a bhfolláine mheabhrach, fhisiceach agus mhothúchánach.

## Pinsin

In 2021 cuireadh PIAB ar bord Banc Sonraí na Scéime Aonair de chuid an Rialtais Láir in 2021. Tá tuairim is 25% den fhoireann reatha ina gcomhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Lean PIAB le Feasacht Míchumais, Comhionannas agus Cuimsiú a chur chun cinn in 2021, comhlíonadh a thiomantas chun feasacht a chothú i measc ár gcomhaltaí foirne ar fad maidir leis na dúshláin atá roimh dhaoine faoi mhíchumas. D'fhreastail foireann an Bhoird ar roinnt laethanta oiliúna ar Fheasacht ar Mhíchumas agus Claontachtaí sa Chinnteoireacht lena n-áirítear seisiún a tugadh ar an 3 Nollaig chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a chomóradh. Reáchtáil PIAB oiliúint oiriúnach freisin dár nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus dár nOifigeach Rochtana nuacheaptha lena chinntiú gur mhothaigh siad inniúil ar fhreagracht a róil a chomhlíonadh. Tá na tionscnaimh seo ríthábhachtach de bhrí nach féidir le PIAB na caighdeáin arda a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach ach amháin má bhraitheann gach duine atá ag obair san eagraíocht go bhfuil siad cuimsithe agus go bhfuil luach ar a gcuid ionchuir agus go bhfáiltímid le agus go ndéanaimid ceiliúradh ar na rudaí a dhéanann daoine éagsúil lena chéile. In 2021 sháraigh PIAB sprioc fostaíochta daoine faoi mhíchumas 6% an Rialtais le haghaidh 2024. Táimid tiomanta d'fheasacht mhíchumais a mhéadú ar fud ár n-eagraíochta in 2022.

## Próifíl Pá Inscne PIAB

| Grád | Mná | Fir |
|---|---|---|
| Oifigeach Cléireachais | 66% | 33% |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 75% | 25% |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 66% | 33% |
| Príomhoifigeach Cúnta | 40% | 60% |
| Grád Príomhoifigigh Chúnta agus Níos Airde | 50% | 50% |

Mná is ea seachtar as 12 Chomhaltaí Boird PIAB (figiúirí 2021) agus tá líon comhionann fostaithe ar fir iad agus fostaithe ar mná iad againn ag Grád an Phríomhoifigigh agus os a chionn.

# 6 Rialachas agus Ráitis Airgeadais

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Rialachas

Is comhlacht Stáit neamhthráchtála é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Tá feidhmeanna agus dualgais an Bhoird sonraithe san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, 2007, agus 2019. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas PIAB. Cuireann an Bord an cúram seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú don eagraíocht agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist gnó agus dualgais mhuiníneacha eile.

Is é an Príomhfheidhmeannach (POF) agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo PIAB. Leanann an POF agus an fhoireann bhainistíochta an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích i ndáil leis an eintiteas, lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a d’fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an POF mar phointe teagmhála díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta PIAB.

#### Modh Oibre an Bhoird – Ról agus Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird sonraithe i dTéarmaí Tagartha an Bhoird, ina sonraítear nithe a bhfuil cinneadh le déanamh ag an mBord ina leith. I measc na nithe buana a bhreithníonn an Bord tá:

- Dearbhú leasa
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Riosca
- Tuarascálacha feidhmíochta ón POF agus foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin, agus
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta

Chomh maith leis sin, breithníonn an Bord nithe a bhaineann go sonrach leis, lena n-áirítear:

- A chinntiú go bhfeidhmíonn an Bord de réir theorainneacha a údaráis reachtúil agus/nó aon údaráis tarmligthe comhaontaithe leis an Aire;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht phróisis agus chórais bainistíochta riosca an Bhoird chun sainaithint, monatóireacht agus rialú éifeachtach rioscaí a chinntiú;
- Measúnú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas rialaithe agus bainistíochta riosca inmheánach;
- Comhaontú maidir le nósanna imeachta ceannacháin an Bhoird, lena n-áirítear na leibhéil tarmligthe údaráis;
- Ceannacháin/conarthaí suntasacha a cheadú;
- Aon athruithe suntasacha ar bheartais nó ar chleachtais chuntasaíochta a cheadú;
- Tuarascálacha Bliantúla a cheadú;
- An Buiséad Bliantúil a cheadú agus a mhonatóiriú;

Ceanglaíonn Alt 77 d’Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, ar an mBord ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.

- A shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh le caighdeáin chuí chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais PIAB léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais PIAB amhail an 31 Nollaig 2021.

Mar atá sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le fáil sna Ráitis Airgeadais ar cuid den Tuarascáil Bhliantúil seo iad, chuir an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha i gcrích laistigh den eagraíocht i ndáil leis an mbliain. Bhí an t-athbhreithniú seo bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, agus Feidhmeannas na heagraíochta atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe.

Chinn an Bord go raibh sé sásta maidir le héifeachtacht an chórais de rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san eagraíocht.

Le linn na bliana, rinne an Bord measúnú ar phriomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear cur síos ar an riosca agus ar na bearta nó straitéisí gaolmhara a bhfuil sé mar aidhm leo na rioscaí seo a rialú agus a mhaolú. Chinn Comhaltaí Boird go raibh siad sásta leis an gcreat bainistíochta riosca agus leis na próisis ghaolmhara atá i bhfeidhm.

### Struchtúr an Bhoird

Páirteach sa Bhord tá Cathaoirleach, agus naonúr gnáthchomhaltaí (neamhfheidhmiúchán) agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is é an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta a cheapann Comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse shainithe de réir théarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Bhí naoi gcruinniú ag an mBord le linn 2021. Freastalaíonn an POF agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ar chruinnithe Boird chun críocha nithe ábhartha a phlé. I rith 2021 bhí cruinnithe ag comhaltaí an Bhoird le chéile, nuair nach raibh Comhaltaí Feidhmiúcháin i láthair, chun aon nithe a measadh a bhí ábhartha a phlé. Tá liosta le fáil sa tábla thíos de na Comhaltaí Boird ar fad a bhí i mbun oibre in 2021 agus a dtaifead tinrimh ag cruinnithe Boird.

### Liosta Iomlán na gComhaltaí Boird agus Taifead Tinrimh i Rith 2021

| Ainmneacha | | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin | 9 as 9 |
| Margot Slattery | Leas-Chathaoirleach agus ainmí Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) | 4 as 4 |
| Rosalind Carroll | Príomhfheidhmeannach | 9 as 9 |
| Colette Crowne | Ainmní an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 8 as 9 |
| Walter Cullen | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 4 as 4 |
| Aengus Cummins | Ainmní Insurance Ireland | 9 as 9 |
| Karen Furlong | Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin | 7 as 9 |
| Nuala E. Jackson | Abhcóide Sinsearach | 9 as 9 |
| Cathal Lafferty | Ainmní Bhanc Ceannais na hÉireann | 8 as 9 |
| Marion O'Brien | Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 3 as 3 |
| An Dr Jean O'Sullivan | Comhairleach Míochaine Éigeandála | 8 as 9 |
| John Shine | An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta | 9 as 9 |
| Stephen Watkins | Rúnaí don Bhord | 9 as 9 |

### Athruithe Pearsanra

Ceapadh Marion O'Brien ón 8 Lúnasa 2021. Ar an 29 Aibreán 2021 chuaigh Margot Slattery agus Walter Cullen ar scor ón mBord. Ag deireadh na bliana bhí folúntas amháin ar an mBord.

### Coistí Boird

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Bord Coiste Iniúchta agus Riosca a raibh roinnt Comhaltaí Boird páirteach ann. Is é an ról atá ag an gcoiste tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí as nithe a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste ag feidhmiú neamhspleách ar fhoireann bhainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i rith 2021. Anseo thíos tá sonraí maidir le comhaltacht an Choiste i rith na bliana:

### Comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca 2021

| Comhalta | Tionacht | |
|---|---|---|
| Cathal Lafferty (Cathaoirleach) | Bliain iomlán | 5 as 5 |
| Walter Cullen | Go dtí an 29 Aibreán 2021 | 1 as 2 |
| Aengus Cummins | Bliain iomlán | 5 as 5 |
| Karen Furlong | Ón 28 Eanáir 2021 | 3 as 4 |
| John Shine | Ón 28 Eanáir 2021 | 3 as 4 |
| Margot Slattery | Go dtí an 29 Aibreán 2021 | 2 as 2 |

Rúnaí Stephen Watkins

### Táillí agus Costais Boird

Tá sonraí na dtáillí a íocadh le Comhaltaí Boird le fáil thíos. Mar a tharla i rith na mblianta roimhe seo, níor íocadh aon chostais le Comhaltaí Boird.

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Walter Cullen | 3,990 | 11,970 |
| Aengus Cummins | 11,970 | 11,970 |
| Karen Furlong | 11,970 | 11,970 |
| Nuala E. Jackson | 11,970 | 11,970 |
| Margot Slattery | 3,990 | 11,970 |
| **Iomlán** | **64,410** | **80,370** |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2021 mar gur cuireadh an prionsabal "Duine Amháin Tuarastal Amháin" i bhfeidhm: Cathal Lafferty, An Dr Jean O'Sullivan, Colette Crowne, John Shine, Marion O'Brien agus Rosalind Carroll.

## Nochtuithe arna gCeangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) i mí Lúnasa 2016, á gcomhlíonadh ag PIAB. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid:

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 3 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).
- Costais Chomhairleachta (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).
- Costais agus Socruithe Dlí (Tá an nochtadh a bhaineann le comhairle ghinearálta dlí le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe** (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

**Caiteachas Fáilteachais** (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú.

Tá cásanna de sholáthar neamh-chomhlíontach sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le fáil sna Ráitis Airgeadais atá iarcheangailte leis an Tuarascáil Bhliantúil seo. Chuir an Bord a athbhreithniú inmheánach féin ar a fheidhmíocht ar ceal.

Seachas sin, bhí an Cód Cleachtais ina iomláine á chomhlíonadh ag PIAB i rith 2021.

**Sínithe**



**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*



**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*

An 2 Meitheamh 2022

# Rialachas Corparáideach – Comhlíontacht

Feidhmíonn PIAB de réir fhorálacha Acht 2003, arna leasú in 2007 agus 2019. Feidhmíonn PIAB faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Le cois théarmaí ár reachtaíochta rialaithe, ceanglaítear orainn freisin raon leathan ceanglas reachtúil (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile a chomhlíonadh. Go háirithe, tá nósanna imeachta bunaithe againn lena chinntiú go bhfuil na ceanglais shonracha seo a leanas á gcomhlíonadh againn:

## Riosca

Tugtar eolas sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú faoi na caighdeáin nach mór do PIAB a fheidhmiú i réimse an Rialachais Chorparáidigh, na Comhlíontachta agus an Riosca. Ceapadh beirt chomhaltaí nua ar Bhord Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) PIAB ag tús na bliana: Karen Furlong agus an tUas. John Shine. Tháinig ARC le chéile cúig huaire go foirmiúil le linn 2021. Le linn na bliana rinne an Feidhmeannas athbhreithniú foirmiúil ar Riosca chun an Clár Riosca eagraíochtúil a chuimsiú agus cuireadh faoi bhráid ARC é. Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca PIAB. Cuireadh tús le creatbheartas ag deireadh na bliana.

## Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag PIAB lena chinntiú go bhfuil an Cód nua a bunaíodh i Lúnasa 2016 agus ar ghlac an Bord leis go foirmiúil á chomhlíonadh. Gach bliain, soláthraíonn Cathaoirleach an Bhoird deimhniú foirmiúil don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le comhlíontacht PIAB leis an gCód. Cuimsítear anseo deimhniú go bhfuil an Cód Caiteachais Phoiblí á chomhlíonadh agus go bhfuiltear ag cloí leis. Mar chuid de cheanglais an Chóid, tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse forbartha lenár máthair-Roinn.

## An Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann PIAB laistigh de raon an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus tá glactha aige le nósanna imeachta d'fhonn a chinntiú go bhfuil an tAcht á chomhlíonadh. Dá réir sin, más gá, tá ráiteas leasanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus ag comhaltaí foirne a bhfuil poist ainmnithe acu, ar mhaithe le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Os a choinne sin, tá nósanna imeachta bunaithe le haghaidh leasanna a bheith á nochtadh go leanúnach ag Comhaltaí Boird, ceist a chuirtear ag tús gach cruinnithe Boird. Tá comhaltaí foirne atá ag feidhmiú ag leibhéal bainistíochta faoi réir na reachtaíochta seo freisin.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag PIAB ar mhaithe le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá glactha aige le ráiteas sábháilteachta nua ina gcuimsítear gach gné de leas foirne. Lena chois sin, tá glactha againn le nósanna imeachta sonracha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht i dtaca leis an bpaindéim agus le Filleadh ar an Obair.

## Comhionannas Fostaíochta

Fáiltíonn PIAB roimh éagsúlacht agus tacaíonn sé le comhdheiseanna. Táimid tiomanta d'fhoireann a fhorbairt a bhfuil cúlraí, dearcthaí agus scileanna éagsúla aici. Táimid tiomanta dár mbunluachanna – Comhoibriú, Meas, Oscailteacht agus Ionracas. Chuige sin, táimid tiomanta do thimpeallacht cóimheasa a sholáthar ina bhfuil comhdheiseanna fostaíochta ar fáil do gach iarratasóir agus comhghleacaí beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Taistil. Ní ghlacfaidh PIAB le haon idirdhealú nó ciapadh lena n-áirítear é sin atá bunaithe ar aon cheann de na saintréithe seo. Le linn 2021, cheapamar Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oifigeach Rochtana agus cuirimid oiliúint ar fáil maidir le saincheisteanna míchumais agus comhionannais dár bhfoireann go léir. Táimid ag obair ar bhonn gníomhach chun ár inrochtaineacht dár bhfostaithe, custaiméirí agus páirtithe leasmhara a mhéadú agus a fheabhsú agus déanfaimid tuilleadh dul chun cinn sa chomhthéacs seo in 2022.

## Cearta an Duine

Sonraítear tiomantas na heagraíochta do na nithe seo a leanas i gCairt Custaiméirí PIAB: Caitheamh go cothrom, go cóir agus go measúil le custaiméirí. Tá PIAB airdeallach ar na catagóirí daoine atá á gcosaint faoi dhlí comhionannais agus ní dhéanann sé aon idirdhealú ar bhonn aon cheann de na forais atá sonraithe san Acht um Stádas Comhionann 2000-2015 (ASC) i ndáil le soláthar earraí. Ní dhéanann PIAB idirdhealú ar na forais seo a leanas – inscne; stádas sibhialta; stádas tuismitheoireachta; stádas máithreachais; stádas teaghlaigh; gnéaschlaonadh; reiligiún; aois; cine, náisiúntacht, nó cúlra eitneach; ballraíocht den Lucht Taistil; nó míchumas. Soláthraíonn PIAB seirbhísí do gach éilitheoir nó freagróir, a bhaineann le héilimh atá déanta i bPoblacht na hÉireann agus déanann sé cinntí bunaithe ar a ról agus freagrachtaí faoin reachtaíocht lena n-áirítear na hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, arna leasú, agus dlíthe ábhartha eile. Tá tiomantas PIAB do mheasúnú cóir, éifeachtúil agus trédhearcach éileamh sonraithe go soiléir ar a shuíomh gréasáin. Tá suíomh gréasáin nuashonraithe PIAB forbartha chun rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas radhairc agus tá sé scríofa go simplí agus go soiléir.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá PIAB tiomanta d'obair go gníomhach chun a úsáid fuinnimh a laghdú agus chun inbhuanaitheacht a oibríochtaí a mhéadú. Cuireann an eagraíocht athchúrsáil chun cinn agus ní bhaineann sé úsáid as plaistigh aonúsáide agus le linn na bliana chinntigh PIAB sa chás go gcaithfí earraí aon uaire a úsáid de bharr cúiseanna sláinte poiblí, go mbeadh na hearraí sin in-athchúrsáilte agus inmhúirínithe. Tá roinnt gnéithe san fhoirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh ag PIAB lena n-áirítear soilse braite gluaisne a mhúchann nuair nach mbíonn seomra in úsáid. Tá socruithe téite agus fuaraithe socraithe chun múchadh sna tráthnónta agus ag an deireadh seachtaine, agus soláthraímid rochtain ar an scéim rothaíochta. Spreagaimid úsáid iompair phoiblí le haghaidh imeachtaí. Go dtí deireadh 2020, rinne PIAB laghdú 75% ar choigiltí fuinnimh ó Bhonnlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh mar a tuairiscíodh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. De bharr shrianta na paindéime, níorbh fhéidir iniúchadh fuinnimh iomlán a dhéanamh in 2021 ach tá sé i gceist iniúchadh a dhéanamh in 2022.

## Cosaint Sonraí

Tá PIAB tiomanta d'ardchaighdeáin a chinntiú i ndáil le cosaint sonraí a bhaineann le sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire atá ina sheilbh agus á bpróiseáil aige. Tá Cód Cleachtais Cosanta Sonraí foilsithe ag PIAB ar a shuíomh gréasáin agus tá beartais agus próiseas cuimsitheach bunaithe aige chun sonraí agus cearta na ndaoine is ábhar do shonraí a chosaint. Reáchtáiltear oiliúint agus seisiúin faisnéise do chomhaltaí foirne go rialta agus cuimsítear cosaint sonraí sa lámhleabhar láimhseála éileamh a úsáideann an fhoireann. De bhrí gur tosaíodh ag obair ó chian, thiomsaigh PIAB líon suntasach Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí le linn 2021 ina ndearnadh measúnú ar an riosca a bhain le cineálacha éagsúla próiseála, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar dhaoine is ábhar do na sonraí, agus cibé acu an bhféadfaí leanúint lena leithéid de phróiseáil le rialuithe molta. Úsáideann PIAB bearta teicniúla agus oibríochtúla chun a chuid sonraí a chosaint lena n-áirítear balla dóiteáin, bogearraí frithvíreas, tástáil ionraidh, cosaint agus criptiú pasfhocail. Gach bliain, déanann clár Dearbhaithe Cáilíochta PIAB athbhreithniú ar phróisis cosanta sonraí san eagraíocht. Le linn 2021 phróiseáil PIAB 314 iarratas ar shonraí pearsanta agus 15 iarratas ar shaoráil faisnéise.

## Reachtaíocht Saorála Faisnéise

Tugadh PIAB faoi scáth na reachtaíochta Saorála Faisnéise (SF) i rith 2015. D'fhreagair an eagraíocht do roinnt iarratas a bhain le cásanna agus roinnt iarratas níos ginearálta in 2021. Faoina Scéim Foilseacháin SF, foilsíonn PIAB faisnéis maidir lena sheirbhísí, eolas airgeadais, agus soláthar ar a shuíomh gréasáin.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann PIAB faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a sholáthraíonn creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Chomh maith leis sin, foilsítear ár nDoiciméad Straitéise i nGaeilge agus i mBéarla agus tá faisnéis d'éilitheoirí agus do fhreagróirí le fáil ar ár suíomh gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla.

## Nochtuithe Cosanta

Tá Beartas Nochtuithe Cosanta ag PIAB a sholáthraíonn creat faoinar féidir le comhaltaí foirne aird a tharraingt ar ábhair imní maidir le héagóracha poitéinsiúla atá tugtha faoi deara acu le linn dóibh a bheith ag obair san eagraíocht, agus tuigeann siad gur féidir leo tairbhe a bhaint as cosaintí fostaíochta suntasacha. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta i rith 2021.

## Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn PIAB an fhreagracht atá air maidir le comhlíontacht a chinntiú i ngach ponc ábhartha le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (IR.580 de 2012), ina bhforáiltear go mbeidh ús pionóis iníoctha mura gcomhlíontar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonraítear a mhalairt i gconradh nó comhaontú. Is é an beartas atá againn a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus a íoc go pras roimh an dáta dlite chun críocha úis agus muirear. Tá nósanna imeachta bunaithe chun dearbhuithe réasúnacha a sholáthar i gcoinne neamh-chomhlíonadh leis an Acht agus leis na Rialacháin. De bharr na paindéime bhí roinnt athruithe agus cuireadh isteach ar ár seirbhís gnó agus níor íocadh roinnt sonrasc go pras dá thoradh sin.

### Cánachas

Deimhníonn PIAB go bhfuil dlíthe cánach á gcomhlíonadh aige. Tá nósanna imeachta bunaithe lena chinntiú go bhfuil a oibleagáidí faoi dhlíthe cánach á gcomhlíonadh ag PIAB agus go bhfuil gach dliteanas cánach á íoc ar nó roimh na dátaí dlite ábhartha.



Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Ráitis Airgeadais

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

# Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021 de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Cuimsíonn na ráitis airgeadais:

- an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus le cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir le staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid thirim, agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre de na beartais shuntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ag 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2021 de réir Chaighdeáin Tuarascála Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuarascála Airgeadais a bhfuil feidhm aige sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

### An bunús leis an tuairim

Chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISA) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Institiúidí Uachtaracha Iniúchóireachta. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tá mo dhualgais eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim

### Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais agus nithe eile

Tá eolas áirithe curtha i láthair ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta i dteannta leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialála san áireamh, agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas faoi rialáil inmheánach. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm maidir le heolas dá leithéid, agus maidir le nithe eile a dhéanaim a thuairisciú mar eisceachtaí, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.

**Mark Brady**
*I gcomhair agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

8 Meitheamh 2022

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird sa ráiteas rialála agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003
- a chinntiú go dtugann na ráiteas airgeadais léiriú fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid, agus
- pé rialáil inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun a chur i gcumas ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is éard is aidhm agam agus mé ag cur an iniúchta i gcrích ná cinnteacht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Ardleibhéal cinnteachta is ea cinnteacht réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a cuireadh i gcrích de réir ISA i gcónaí in ann míráiteas ábhartha a bhrath áit gur ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir an ISA, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním le sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur ar fáil le mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míráiteas ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide ar an ábhar go bhféadann claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó sárú na rialála inmheanaí bheith i gceist leis an gcalaois
- Faighim tuiscint ar an rialáil inmheánach atá bainteach leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí sna tosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí gaolmhara.
- Tagaim chun conclúide maidir leis an gceist an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le tarluithe nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá barr faoi chumas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más rud é go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura mbíonn na nochtaí sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta an iniúchta agam. Is féidir, áfach, go dtabharfadh tarluithe nó dálaí amach anseo ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta éirí as oibriú mar ghnóthas leantach
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, na nochtaí san áireamh, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na tarluithe bunúsacha i mbealach ina mbaintear léiriú cóir amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil freagracht rialála orthu maidir, i measc nithe eile, le scóip bheartaithe agus uainiú an iniúchta agus cinntí suntasacha an iniúchta, ar a n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialáil inmheánach a shainaithním i gcaitheamh an iniúchta agam.

Tuairiscím de réir eisceachta chomh maith más amhlaidh, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an t-eolas nó na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun cur ar chumas iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais comhréireach leis na taifid chuntasaíochta

## Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chonclúid cinnteachta maidir leis.

Maidir leis an iniúchadh agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoin ISA an t-eolas eile arna chur i láthair a léamh agus, ag déanamh amhlaidh dom, a mheas cé acu an bhfuil an t-eolas eile comhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an bhfuil an chuma air ar bhealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar an eolas eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuarisciú ar nithe eile

Cuireadh m'iniúchadh i gcrích trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú Déanaim tuairisc más amhlaidh go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh m'iniúchta. Déanaim tuairisc má bhíonn aon chás ábhartha ann inar cuireadh airgead chun feidhme chun críocha ar bith seachas na críocha beartaithe nó sa chás nár géilleadh leis na hidirbhearta do na húdaráis arna rialáil.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann PIAB (an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta), aithním freagracht an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothú agus á chur i bhfeidhm i gcónaí. Áirítear leis seo riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialála Inmheánaigh

Dearadh an córas rialála inmheánaigh chun riosca a bhainistiú go dtí go bhfuil sé ar leibhéal inghlactha seachas é a chur as an áireamh go hiomlán. Ní féidir ráthaíocht absalóideach ach réasúnta a sholáthar leis an gcóras, mar sin, go gcumhdaítear sócmhainn, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí nó go gcoiscfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in PIAB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Timpeallacht Rialaithe

San áireamh ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca (CIR), de PIAB atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, tá daoine a bhfuil taithí dhéanaí ábhartha acu, lena n-áirítear inniúlacht i gcuntasaíocht, in iniúchadh agus i mbainistíocht riosca. Bhí cúig cruinniú ag an CIR in 2021.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag PIAB freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR. Oibríonn an fheidhm Iniúchta inmheánaigh de réir Chairt faofa Iniúchta Inmheánaigh, atá comhsheasmhach leis na forálacha a leagtar amach sa Chód agus socraítear ar phlean oibre a chomhaontaítear leis an CIR agus leis an mBord. Leis an bplean oibre reatha iniúchta inmheánaigh cuirtear réimsí riosca ionchasaigh atá sainaitheanta ag an eagraíocht san áireamh, le haird ar a cuspóirí straitéiseacha agus a creatlach bainistíochta riosca. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca ar thascanna a rinneadh. Leagann na tuarascálacha sin béim ar easpaí nó laigí, más ann dóibh, atá sa chóras rialaithe inmheánaigh agus na bearta ceartaitheacha a mholtar a dhéanamh más gá.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag PIAB atá faofa ag an mBord, ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí na ról agus na bhfreagrachtaí atá ag an bhfoireann maidir le riosca. Tá an beartas agus an t-ábhar ann curtha ar shúile gach ball foirne atá beartaithe le hobair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca PIAB, chun an bhainistíocht a chur ar a n-airdeall faoi laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creatlach Riosca an Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag PIAB lena sainaithnítear eochair-rioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na heochairrioscaí atá faoi PIAB agus sainaithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus tugadh grádú dóibh de réir an tsuntais a bhaineann leo. Déanann an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar feadh na bliana agus rinneadh athbhreithniú le linn 2021 ag gach cruinniú. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar eolas faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sainithe d'aonaid/do bhainisteoirí gnó sainiúla sa chlár riosca.

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm a chuimsíonn na nithe a leanas:

- tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha chun forfheidhmiú na gcreatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú,
- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh gach eochairphróiseas gnó,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil, atá á athbhreithniú agus á fhaomhadh ag an mBord,
- déanann an fhoireann shinsearach agus an Bord athbhreithniú leanúnach ar an mbuiséad bliantúil,
- córas tuairiscithe mhíosúil chuimsithigh lena n-áirítear tuairisciú airgeadais agus oibríochtúil, a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann shinsearach air,
- tá freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá athbhreithnithe rialta iniúchta inmheánaigh á ndéanamh ar rialaithe agus ar nósanna imeachta airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta.
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat de thuairisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus cuntasacht. Áirítear ann, go háirithe:

- Tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta,
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí,
- athbhreithniú ar riosca ag gach cruinniú Boird,
- comhaontaítear plean iniúchta inmheánaigh trí bliana. Athbhreithnítear agus comhaontaítear an plean iniúchta gach bliain. Soláthraíonn an clár iniúchta inmheánaigh tuairim neamhspleách agus oibiachtúil maidir leis an timpeallacht rialaithe.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag PIAB lena chinntiú go bhfuil na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. Chun dea-chleachtas sa réimse seo a chinntiú, cuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil go rialta do phríomhchomhaltaí foirne agus don fhoireann bhainistíochta. Tá clár conarthaí agus plean soláthair bunaithe ag PIAB chun pleanáil chuí maidir le soláthar conarthaí a chumasú. I rith na bliana, tabhaíodh caiteachas de €9,482,629 ar earraí agus ar sheirbhísí.

Tarraingítear aird ar nithe a bhaineann le rialuithe soláthair faoi Shaincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh thíos

## COVID-19

Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar PIAB ó thaobh cúrsaí oibríochtúla agus airgeadais de agus chuir sé isteach ar ghnáthphróisis ghnó agus ar ghnáthghníomhaíocht i rith na bliana. Ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de, tugadh ceann de na tionchair ba shuntasaí faoi deara i ndáil le cumas PIAB amlínte reachtúla a chomhlíonadh chun éilimh a mheas, de bhrí gurbh éigean na mílte coinní leighis a chur ar ceal mar thoradh ar na srianta. Bunaíodh plean téarnaimh mhionsonraithe chun an tionchar a mhaolú. Ó thaobh cúrsaí airgeadais

de, bhí tionchar suntasach ag laghdú líon iarratas éileamh díobhálacha a fuarthas ar staid airgeadais PIAB, agus chuir staid na gcúlchistí ar chumas PIAB leanúint le hoibríochtaí.

Tá athbhreithniú déanta ag PIAB ar thionchar Covid-19 ar a thimpeallacht rialaithe i rith na bliana agus tá pleananna curtha i bhfeidhm chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú. I rith an athbhreithnithe seo breithíodh an doiciméad treorach a d'eisigh OCAG i Meán Fómhair 2020 – "Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe". Chomh maith leis sin, nuashonraíodh an clár rioscaí agus athbhreithníodh leordhóthanacht na rialuithe reatha, sainaithníodh rialuithe nua agus cuireadh gníomhaíochtaí sonracha i gcrích chun déileáil leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus ab fhéidir.

## Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

### Soláthar Neamh-chomhlíontach

I rith 2021, tabhaíodh caiteachas de €58,456 i ndáil le dhá chonradh seirbhíse nuair nár comhlíonadh na treoirlínte soláthair ina n-iomláine sna nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm. Seo a leanas na cúiseanna:

i) €25,402 – de bharr tar-rolladh conartha reatha le haghaidh seirbhísí glantacháin ar fheitheamh tairiscint nua a thabhairt chun críche. Eisíodh an comórtas tairisceana nua i nDeireadh Fómhair 2021 trí úsáid a bhaint as eTenders agus cuireadh i gcrích é go luath in 2022.

ii) Tabhaíodh caiteachas de €33,054 in 2021 i ndáil le conradh nuair nár comhlíonadh na treoirlínte soláthair ina n-iomláine sna nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm. Chinn PIAB conradh reatha le haghaidh línte léasaithe sonraí a thar-rolladh, áit nach raibh aon fhoráil sa chonradh dá leithéid de thar-rolladh. Eiseofar comórtas tairisceana nua in 2022.

Níor réitíodh an t-aon sampla de sholáthar neamh-chomhlíontach atá luaite i Ráitis Airgeadais 2020 le linn na bliana agus tá sé san áireamh ag ii) thuas. Bhíothas ag brath ar an tairiscint a chríochnú le haghaidh soláthraí seirbhíse Phróiseáil Gnó Seachfhoinsithe PIAB roimh chríochnú na tairisceana le haghaidh línte leasaithe sonraí óir comhcheanglófar ceann de na línte léasaithe le soláthraí BPO. Cuireadh tairiscint BPO i gcrích le linn 2021 a éascóidh críochnú na tairisceana le haghaidh línte léasaithe sonraí le linn 2022.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag PIAB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag PIAB ar an gcóras maidir le rialú inmheánach bunaithe ar an obair atá á déanamh ag an Iniúchóir Inmheánach, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Coiste Iniúchta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach laistigh de PIAB atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go bhfuil athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021 curtha i gcrích ag an mBord.

Sínithe thar ceann an Bhoird;

**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

An 2 Meitheamh 2022

# Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Táillí – Éilitheoir | *2 (a)* | **1,172,675** | 1,501,534 |
| Ioncam Táillí – Freagróir | *2 (a)* | **7,045,657** | 6,948,388 |
| Ioncam Eile | *2 (b)* | **86,517** | 54,953 |
| **Ioncam Iomlán** | | **8,304,849** | 8,504,875 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | *3* | **6,214,354** | 6,079,024 |
| Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | *5* | **1,428,291** | 1,784,883 |
| Costais Próiseála Éileamh | *5* | **145,539** | 38,223 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | *4* | **64,410** | 80,370 |
| Cóiríocht & Foirgnimh | *5* | **358,982** | 348,548 |
| Earcaíocht, Oideachas & Oiliúint | *5* | **64,608** | 47,290 |
| Faisnéis, Taighde & Cumarsáid | *5* | **334,496** | 196,186 |
| Costais Iniúchta & Ghairmiúla, Dhlíthiúla & Chomhairleachta | *5* | **216,649** | 174,474 |
| Táillí Dlí | *5* | **1,414,636** | (7,346) |
| Costais TF & Teileachumarsáide | *5* | **690,375** | 677,094 |
| Riarachán Ginearálta | *5* | **320,364** | 306,214 |
| Dímheas | *6* | **318,833** | 345,810 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **11,571,537** | 10,070,771 |
| | | | |
| **EASNAMH DON BHLIAIN** | | **(3,266,687)** | (1,565,896) |
| | | | |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir** | | **4,891,999** | 9,157,895 |
| **Aistriú chuig an gCúlchiste Caipitil** | *15* | **0** | (2,700,000) |
| **IARMHÉID AG DEIREADH NA BLIANA** | | **1,625,311** | 4,891,999 |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ag an dáta tuairiscithe. Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 19.

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

An 2 Meitheamh 2022

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*

An 2 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| (Easnamh) don bhliain | | **(3,266,687)** | (1,565,896) |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | *14* | **(154,000)** | (705,000) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn ag an luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | *14* | **(1,378,000)** | (1,007,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir Iarchurtha | | **1,532,000** | 1,712,000 |
| **Ioncam cuimsitheach don bhliain** | | **(3,266,687)** | **(1,565,896)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 19.

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

An 2 Meitheamh 2022

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*

An 2 Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

## Amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 € | 2021 € | 2020 € | 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta | *6* | | **370,292** | | **653,808** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | *7 (a)* | **1,854,588** | | **1,863,426** | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | *7 (b)* | **8,208,822** | | **9,305,869** | |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **10,063,410** | | **11,169,295** | |
| **Dliteanais Reatha: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Míreanna Iníoctha | *8* | **4,609,002** | | **3,921,102** | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | **5,454,408** | | **7,248,193** |
| **Creidiúnaithe: méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | | | |
| Forálacha | *10* | | **(1,555,002)** | | **(310,002)** |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | *14* | | **(41,366,000)** | | **(37,741,000)** |
| Sócmhainn Maoinithe Sochair Scoir Iarchurtha | *14* | | **41,366,000** | | **37,741,000** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | **4,269,698** | | **7,591,999** |
| **Arna Mhaoiniú Ag:** | | | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | *15* | | **1,625,311** | | **4,891,999** |
| Cúlchiste Caipitil | *15* | | **2,644,388** | | **2,700,000** |
| **Iomlán Arna Mhaoiniú ag:** | | | **4,269,699** | | **7,591,999** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 19.

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Dermot Divilly**
*Chairperson*

2nd June 2022

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Rosalind Carroll**
*Chief Executive*

2nd June 2022

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nótaí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain Airgeadais | | **(3,266,687)** | (1,565,896) |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas | | **318,833** | 345,810 |
| Ús faighte | *2 (b)* | **41** | (638) |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháltais | | **8,838** | 257 |
| (Laghdú)/Méadú ar Mhíreanna Iníoctha | | **687,899** | (120,776) |
| (Laghdú)/Méadú sa Soláthar le haghaidh Dliteanas | | **1,245,000** | (307,866) |
| **Airgead Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(1,006,076)** | **(1,649,109)** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | *6* | **(35,317)** | (101,653) |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | *6* | **0** | 0 |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | *15* | **(55,612)** | 0 |
| **Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(90,930)** | **(101,653)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús faighte | *2 (b)* | **(41)** | 638 |
| Aistriú chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | | **0** | 0 |
| **Glan-(Eis-sreabhadh) Airgid insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | **(41)** | **638** |
| Glan(Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | **(1,097,047)** | **(1,750,124)** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 1 Eanáir | | **9,305,868** | **11,055,992** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig | | **8,208,821** | **9,305,868** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2021

## 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta sonraithe thíos. Tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe.

### Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, arna leasú agus tá ceannoifig an Bhoird lonnaithe in An Teach Gráin, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Tá príomhfheidhmeanna PIAB sonraithe i gCuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, arna leasú.

Measúnú cuí a dhéanamh ar mhéid na teidlíochta cúitimh in éilimh díobhálacha pearsanta laistigh de théarmaí tagartha an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhonn tráthúil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é PIAB.

### Ráiteas Comhlíontachta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ullmhaithe de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (FRS 102) arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### An Bonn Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, coinbhinsiún an chostais stairiúil, de réir an chleachtais cuntasaíochta a ghlactar leis go ginearálta agus tá siad san fhormáid atá comhaontaithe leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

### Gnóthas Leantach

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh (féach Nóta 17).

### Ioncam

**Táillí Éilitheora:**

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid i ndiaidh iarratas a fháil éileamh a chlárú le PIAB.

**Táillí freagróra:**

Aithnítear táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam, agus ina soláthraítear an tseirbhís.

De réir rannóg 23 de FRS102, soláthar seirbhísí, Aithnítear ioncam táillí freagróra a mhéid is dócha go mbeidh tairbhe á baint ag PIAB as buntáistí geilleagracha agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaofa. Comhlíontar na critéir seo a leanas sula n-aithnítear ioncam:

### Soláthar seirbhísí

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse ina soláthraítear na seirbhísí de réir chéim chríochnaithe an chonartha.

Aithnítear Ioncam Táillí Freagróirí sa tréimhse ina dtuilltear an t-ioncam ina soláthraítear an tseirbhís, bunaithe ar an modh céime críochnaithe maidir le soláthar seirbhísí.

Caitear le táillí íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad. Déantar an t-ioncam seo a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

## Costais Réamhíoctha

Tabhaíonn PIAB costais roimh thoiliú a fháil agus ag deireadh na bliana déanann sé meastachán maidir le céatadán na gcásanna sin a mbeidh toiliú dá mbarr agus caitear leis na costais seo mar réamhíocaíochtaí.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sonraítear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a sholáthar de réir méid chothroim ag rátaí atá measta chun na sócmhainní a laghdú go dtí a luach inréadaithe faoi dheireadh a saolré ionchais mar seo a leanas:

| Feabhsuithe Léasachta | Blianta fágtha ar an léas | Líne Dírí |
|---|---|---|
| Crua-earraí/Bogearraí TF | 25.00% | Líne Dírí |
| Trealamh Oifige | 20.00% | Líne Dírí |
| Daingneáin & Feistis | 12.50% | Líne Dírí |
| Troscán Oifige | 12.50% | Líne Dírí |

## Cánachas

Tá PIAB díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 d'Acht um Chomhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine seo le hús ar thaiscí. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach (e.g. DIRT) déantar an glanmhéid infhaighte a chur chun sochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta.

## Léas Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

## Infháltais

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar foráil shonrach d'aon mhéid den bhailiúchán a mheastar atá amhrasach.

### Sochair Fostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bhainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna tuairiscithe le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh difríochtaí a bheith le tabhairt faoi deara ó na meastacháin sin. Ba ag na breithiúnais seo a leanas a bhí an éifeacht is suntasaí ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Bearnúcháin Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnúcháin bunaithe ar cibé imeachtaí nó athruithe ar imthosca a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an luach tugtha anonn in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a bhfuil méid tugtha anonn na sócmhainne ag sárú a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide an costas díolacháin agus an luach úsáide.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag PIAB ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré geilleagrach úsáideach agus luachanna iarmharacha Crua-earraí/Bog-earraí TF, agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

### Forálacha

Déanann PIAB forálacha le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol dó atá gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis thábhachtach eile, coigeartaithe le haghaidh treochtaí a tugadh faoi deara le déanaí más cuí. Is meastacháin iad, áfach, de chostais airgeadais teagmhas nach dtarlódh le haghaidh roinnt blianta b'fhéidir. Mar thoradh air seo agus an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an toradh a mheastar.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta costas cúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain bunaithe ar choinníollacha geilleagracha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe seo a leanas ar na foshuíomhanna:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha mhargadh an tsaothair amach anseo

(iii) rátaí treochta costas cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

## Sochair Scoir

### Nádúr na Scéimeanna

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag PIAB dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe an scéim fostaithe in 2008. Faomhadh an scéim Pinsin Ranníocach Scoir do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Chomh maith leis sin, tá Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) á reáchtáil ag PIAB, ar scéim le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013.

### Saintréithe na Scéime

Tá roinnt saintréithe sonracha luaite leis na scéimeanna:

***Scéim Eiseamláireach:***

- Déanann PIAB ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
- Cuimsítear sa ranníocaíocht gné fostaí mar aon le gné fostóra. In 2021, bhí an ranníocaíocht fostóra cothrom le 25% den phá comhlán, 30% le haghaidh comhaltaí foirne atá ag íoc ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá gealltanas tugtha ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le comhaontú na Roinne Airgeadais, go n-íocfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach, breithníonn PIAB go bhfuil an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) freagrach as an oibleagáid sochar scoir a íoc, ach tá gealltanas tugtha ag an Státchiste dóthain cistí a chur ar fáil do PIAB chun aon oibleagáidí dá leithéid a réiteach thar ceann PIAB nuair a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann PIAB ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus na bhfostóirí ag na rátaí sonraithe. Dá réir sin, glactar sna ráitis airgeadais go bhfuil Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

***Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair:***

Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Chomh maith leis sin, tá ranníocaíocht fostóra iníoctha le DPER de réir Chiorclán DPER 28/2016.

Chun críocha tuairiscithe de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach i gcrích amhail ag an 31 Nollaig 2021.

***Dliteanais Scéime***

Déantar dliteanais na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair a léiriú bunaithe ar luach reatha íocaíochtaí todhchaíocha tuillte ag Foireann PIAB a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Is fianaise iad costais phinsin ar shochair tuillte ag foireann PIAB sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, atá á gcoimeád ag an Roinn. Tá an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais don tSócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha measta ag méid atá cothrom le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

***Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime***

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnamh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta san iarmhéid atá luaite leis an tSócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Cuimsítear i gcostais phinsin i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ranníocaíocht an fhostóra i ndáil leis an mbliain.

### Cúlchiste Caipitil

De réir fhorálacha Alt 74A(1) d'Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2019, d'údaraigh Aire na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go bhfuil an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) chun a leibhéal reatha cúlchistí a choimeád chun críocha caiteachais PIAB i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Chuige sin, bhunaigh PIAB cúlchiste caipitil mar atá sonraithe i nóta 15. Tá sé beartaithe ag PIAB an Cúlchiste Caipitil a úsáid chun clár oibre infheistíochta caipitil comhaontaithe a chur i gcrích, lena n-áirítear tionscadal claochlaithe dhigitigh de réir Phlean Straitéiseach PIAB 2019-2024.

Cuireadh Creat-chomhaontú TFC i bhfeidhm in 2021 agus ceapadh Bainisteoir Tionscadail.

## 2(a) Ioncam Táillí

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam Táillí Éilitheora | **1,172,675** | 1,501,534 |
| Ioncam Táillí Freagróirí | **7,814,708** | 7,060,397 |
| Ioncam Iarchurtha sa bhliain reatha | **(3,120,535)** | (2,351,484) |
| Ioncam Iarchurtha – Méid curtha le hioncam sa bhliain | **2,351,484** | 2,239,475 |
| | **8,218,332** | 8,449,922 |

### Ioncam Táillí Éilitheora:

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid thirim i ndiaidh iarratas a fháil éileamh a chlárú le PIAB. Is é €90 an táille atá luaite le hiarratas páipéir a dhéanamh de réir I.R. Uimh. 363/2019 – Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2019. Is é €45 an táille atá luaite le hiarratas a dhéanamh i bhfoirm leictreonach.

### Ioncam Táillí Freagróirí:

Tá táille freagróra infheidhme nuair a thoilíonn freagróir (árachóirí nó daoine féin-árachaithe den chuid is mó) do mheasúnú á dhéanamh ag PIAB (mar atá mínithe in Acht PIAB). Tá 3 mhí ag freagróir idir fógra foirmiúil a fháil agus toiliú do mheasúnú, agus déantar toiliú a réamhshocrú ina dhiaidh sin mura dtreoraíonn freagróir do PIAB nach mian leis/léi an t-éileamh a mheas. Aithnítear ioncam táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam, agus ina soláthraítear an tseirbhís. Tá an táille reatha cothrom le €600 de réir I.R. Uimh. 523/2012 – Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú), 2012.

**Ioncam Iarchurtha:**

Íoctar ioncam táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas measúnaithe. Déantar ioncam táillí freagróra a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís de réir mar a théann sé ar aghaidh trí phróiseas PIAB. Caitear le táillí freagróra íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad.

## 2(b) Ioncam Eile

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Ús Infhaighte | **(41)** | 638 |
| Ioncam ilghnéitheach | **86,558** | 54,314 |
| | **86,517** | 54,953 |

## 3. Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Tuarastail Fhoireann PIAB | **4,666,481** | 4,564,592 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra | **1,095,156** | 1,066,963 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra | **452,717** | 447,469 |
| | **6,214,354** | 6,079,024 |

* Tá €211,126 de Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) asbhainte agus íoctha leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2021, tá €194,727 d'Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD) asbhainte agus íoctha in 2020.

| **Líon Comhaltaí Foirne** | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Meánlíon Foirne fostaithe go díreach ag PIAB | **77.9** | 80.6 |

| **Díolaíochtaí an Phríomhfheidhmeannaigh** | € | € |
|---|---|---|
| Rosalind Carroll (ceaptha ar an 2 Márta 2020) | **147,534** | 114,566 |
| | **147,534** | 114,566 |

Is comhalta den Scéim Eiseamláireach Pinsin Seirbhíse Poiblí í (féach ar Nóta 14) í an Príomhfheidhmeannach, Rosalind Carroll, agus tá a teidlíochtaí pinsin de réir théarmaí na scéime.

Níl luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse san áireamh thuas.

### Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear i measc phríomhphearsanra bainistíochta an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin – an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir um Sheirbhísí Tacaíochta Gnó, an Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideacha agus an Stiúrthóir Airgeadais. Tá eolas maidir le luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta sonraithe thíos:

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| An tuarastal comhiomlán iomlán & sochair ghearrthéarmacha | **617,355** | 563,371 |

Tá teidlíochtaí pinsin an phríomhphearsanra bainistíochta de réir théarmaí na Scéime Eiseamláirí Pinsin Seirbhíse Poiblí (féach ar Nóta 14). Níl luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse san áireamh thuas.

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaí sa bhreis ar €60,000 á gcatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Raon Tuarastail** | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|
| **Ó – Go €** | **2021** | **2020** |
| 60,000-69,999 | **4** | 5 |
| 70,000-79,999 | **4** | 6 |
| 80,000-89,999 | **12** | 10 |
| 90,000-99,999 | **6** | 6 |
| 100,000-109,999 | **1** | 3 |
| 110,000-119,999 | **3** | 1 |
| 120,000-129,999 | **2** | 2 |
| 130,000-139,999 | **0** | 0 |
| 140,000-149,999 | **1** | 0 |
| 150,000-159,999 | **0** | 0 |
| | **33** | 33 |

Nóta: Tabhair faoi deara: Chun críocha an fhaisnéisithe seo, cuimsítear sna sochair fostaí gearrthéarmacha a bhaineann le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

| **Ranníocaíocht Pinsin Fostóra** | **2021<br>€** | **2020<br>€** |
|---|---|---|
| Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | **87,697** | 99,240 |
| Scéim Eiseamláireach | **1,007,458** | 960,459 |
| | **1,095,156** | 1,059,699 |

## 4. Táillí agus Costais Boird

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Táillí Boird | **64,410** | 80,370 |
| | | |
| **De réir an Chomhalta Boird** | | |
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | **20,520** | 20,520 |
| Walter Cullen | **3,990** | 11,970 |
| Margot Slattery | **3,990** | 11,970 |
| Nuala Jackson | **11,970** | 11,970 |
| Aengus Cummins | **11,970** | 11,970 |
| Karen Furlong | **11,970** | 11,970 |
| | **64,410** | 80,370 |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2021: An Dr Jean O'Sullivan, Colette Crowne, Cathal Lafferty, John Shine, Marion O'Brien agus Rosalind Carrol mar gur cuireadh an prionsabal "Duine Amháin Tuarastal Amháin' i bhfeidhm.

Níor íocadh aon chostais a bhain leis an mBord i rith na bliana.

## 5. Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | **1,428,291** | 1,784,883 |
| | **1,428,291** | 1,784,883 |

| Costais Próiseála Éileamh | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Táillí Leighis a bhaineann le héileamh | **5,742,371** | 4,503,592 |
| Costais Eile a bhaineann le héileamh | **128,777** | 108,151 |
| Costais a bhaineann le héileamh Aisíoctha/atá le haisíoc | **(5,797,353)** | (4,611,743) |
| Costais Próiseála Éileamh Réamhíoctha sa bhliain reatha | **(96,640)** | (168,384) |
| Costais Próiseála Éileamh Réamhíoctha – curtha ar fáil sa bhliain | **168,384** | 206,607 |
| | **145,539** | 38,223 |

Mar chuid de phróiseas PIAB coimeádann sé seirbhísí raon cleachtóirí gairmiúla, cleachtóirí leighis go príomha. Tugtar éagsúlacht faoi deara sna costais a bhaineann le héileamh leighis a phróiseáil de réir an éilimh. Bunaithe ar mheánmhéid ama an phróisis tabhófar costais próiseála éileamh in 2022 a bhaineann le toilithe faighte in 2021, agus ní sholáthraítear na costais seo sna ráitis airgeadais. Áirítear i gcostais próiseála éileamh tabhaithe cuid de na costais réamhthoilithe a réamhíoctar in 2022. Fuasclaítear an réamhíocaíocht nuair a fhaightear táille an fhreagróra. Aisíocann an freagróir costais próiseála éileamh le PIAB (Féach ar Nóta 7 (a)) Táillí Infhaighte – Táillí a Bhaineann le hÉileamh – €778,061).

| Costais Chóiríochta & Tógála | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | **278,953** | 268,138 |
| Glanadh & Slándáil | **41,428** | 42,449 |
| Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | **38,601** | 37,961 |
| | **358,982** | 348,548 |

| Costais Earcaíochta, Oiliúna & Oideachais | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Oiliúna, Oideachais agus costais eile | **49,189** | 36,924 |
| Comhairleacht Pinsin AD | **14,156** | 11,109 |
| Costais Fógraíochta, Agallamh agus costais earcaíochta eile | **1,263** | (743) |
| | **64,608** | 47,290 |

| Costais Faisnéise, Taighde & Cumarsáide | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Feasacht Phoiblí | **235,112** | 91,425 |
| Comhairleacht Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáide | **50,681** | 47,251 |
| Foilseacháin | **19,781** | 32,046 |
| Fógraíocht – Eile | **28,921** | 25,465 |
| | **334,496** | 196,186 |

| Costais Iniúchta & Ghairmiúla, Dlíthiúla & Chomhairleachta | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Gairmiúla | **83,720** | 149,471 |
| Tacaíocht Soláthair | **27,164** | 9,686 |
| Iniúchadh Inmheánach | **32,023** | 25,179 |
| Iniúchadh Seachtrach | **17,000** | 17,000 |
| Comhairleacht Airgeadais | **4,405** | 3,994 |
| | **164,312** | 205,329 |

| Costais Chomhairleachta | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairleacht TF | **5,720** | 4,428 |
| Comhairleacht AD | **28,782** | 0 |
| Comhairleacht Eile | **17,835** | 0 |
| Clár Claochlaithe Dhigitigh | **0** | (35,283) |
| | **52,337** | (30,855) |

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán** | **216,649** | 174,474 |

Áirítear i gcostais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bhainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| Táillí Dlí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Costais Dlí Ginearálta | **169,636** | 111,295 |
| Soláthar Dlí (Nóta 11) | **1,245,000** | (118,641) |
| | **1,414,636** | (7,346) |

| Costais TF & Teileachumarsáide | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Tacaíocht & Cothabháil TF | **233,911** | 250,930 |
| Táillí Ceadúnais TF | **221,274** | 202,408 |
| Costais Óstála | **86,273** | 86,273 |
| Costais Teileachumarsáide | **61,718** | 68,759 |
| Seirbhís Phriontála Bainistithe | **4,310** | 5,929 |
| Slándáil TF | **56,249** | 9,196 |
| Trealamh TF – Foireann ag Obair ó Chian | **22,249** | 40,410 |
| Costais TF Eile | **4,394** | 13,190 |
| | **690,375** | 677,094 |

| Costais Riaracháin Ghinearálta | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Postas | **130,798** | 185,646 |
| Árachas | **49,693** | 41,465 |
| Ús & Táillí Bainc | **17,971** | 25,152 |
| Díscríobhanna Táillí a bhaineann le hÉilimh | **37,137** | 18,948 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **5,130** | 7,645 |
| Ús Íoc Pras | **22,908** | 4,966 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Foireann | **6,105** | 4,373 |
| Taisteal & Cothú Foirne – Náisiúnta | **230** | 1,354 |
| Costais Ilearraí | **1,538** | 165 |
| Díscríobhanna Táillí Freagróra | **26,400** | 31,800 |
| Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasacha | **22,453** | (15,302) |
| | **320,364** | 306,214 |

## 6. Sócmhainní Seasta

| Costas/Luacháil | Feabhsuithe Léasachta € | TF Crua-earraí/ Bogearraí € | Trealamh Oifige € | Troscán Oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| Amhail ar an 1 Eanáir | 634,221 | 1,342,827 | 49,084 | 63,052 | 2,089,184 |
| Breiseanna | 0 | 35,317 | 0 | 0 | 35,317 |
| Diúscairtí | 0 | (39,455) | 0 | 0 | (39,455) |
| Amhail ar an 31 Nollaig | 634,221 | 1,338,689 | 49,084 | 63,052 | 2,085,046 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir | 348,822 | 1,015,209 | 42,138 | 29,206 | 1,435,376 |
| Muirear | 95,133 | 213,148 | 2,917 | 7,635 | 318,833 |
| Diúscairtí | 0 | (39,455) | 0 | 0 | (39,455) |
| Amhail ar an 31 Nollaig | 443,955 | 1,188,902 | 45,056 | 36,841 | 1,714,754 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2021** | **190,265** | **149,787** | **4,028** | **26,211** | **370,292** |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2020 | 285,398 | 327,618 | 6,946 | 33,846 | 653,808 |

## 7(a) Infháltais

| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Táillí Infhaighte: | | |
| Táillí Freagróra | **852,600** | 887,400 |
| Táillí a bhaineann le hÉileamh | **778,061** | 763,373 |
| Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasacha | **(150,612)** | (128,159) |
| Ús Infhaighte | **0** | 55 |
| Réamhíocaíochtaí | **326,807** | 291,224 |
| Féichiúnaithe Eile | **47,733** | 49,533 |
| | **1,854,588** | 1,863,426 |

## 7(b) Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid Thirim

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **663,793** | 996,671 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | **7,545,029** | 8,309,198 |
| | **8,208,822** | 9,305,869 |

## 8. Míreanna Iníoctha

| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Míreanna Iníoctha | **191,924** | 160,219 |
| Fabhruithe | **736,053** | 819,919 |
| Cánacha & Leas Sóisialach | **210,377** | 215,207 |
| Dliteanas Pinsin * | **118,857** | 134,118 |
| Creidiúnaithe Eile | **111,651** | 122,071 |
| Tairseach na nAturnaetha – Íocaíochtaí sa Chuntas | **119,604** | 118,085 |
| Ioncam Iarchurtha (Nóta 9) | **3,120,535** | 2,351,484 |
| | **4,609,002** | 3,921,102 |

* Ranníocaíochtaí Pinsean Fostóra agus Fostaí agus ASC

## 9. Ioncam Iarchurtha

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **2,351,484** | 2,239,475 |
| Ioncam Iarchurtha curtha ar fáil sa bhliain (Nóta 2) | **3,120,535** | 2,351,484 |
| Méid fuascailte le haghaidh ioncaim sa bhliain | **(2,351,484)** | (2,239,475) |
| Iarmhéid Deiridh | **3,120,535** | 2,351,484 |

Íoctar ioncam táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas measúnaithe. Déantar ioncam táillí freagróra a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís de réir mar a théann sé ar aghaidh trí phróiseas PIAB. Caitear le táillí freagróra íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad.

## 10. Forálacha

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **310,002** | 617,868 |
| Foráil Bhreise (Nóta 5) | **1,840,000** | 230,000 |
| Úsáidte sa Bhliain | **0** | (189,226) |
| Laghdú ar Fhoráil (Nóta 5) | **(595,000)** | (348,641) |
| Iarmhéid Deiridh | **1,555,002** | 310,002 |

Is éard atá i gceist i bhforálacha meastachán stuama maidir le dliteanais a d'fhéadfadh a bheith le n-íoc ag tríú páirtithe, i ndáil le caingne dlí fógartha do PIAB roimh dheireadh na bliana. Tá baint ag PIAB le hagóidí dlíthiúla éagsúla faoi ailt den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 agus i ndáil leis na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a tugadh isteach le deireanas atá éifeachtach ón 24 Aibreán 2021. I ndiaidh an dáta seo fuarthas roinnt Athbhreithnithe Breithiúnacha i ndáil leis na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta.

Tá na forálacha seo bunaithe ar mheasúnú ar na costais dhóchúla a bhaineann le caingne/éilimh aitheanta a chosaint, a mhéid agus is féidir a leithéid sin de chostais a mheas go hiontaofa Déantar na forálacha a athbhreithniú gach mí, agus de réir mar a bhíonn níos mó faisnéise ar fáil, agus ina dhiaidh sin próiseáiltear aon laghdú nó méadú riachtanach sa soláthar. Tá PIAB sásta go bhfuil an meastachán is fearr agus is féidir déanta aige le haghaidh soláthar cuí sna ráitis airgeadais don toradh a bhfuil súil leis.

## 11. Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar atá sonraithe i Nóta 10 PIAB, ó am go ham, bíonn PIAB páirteach i gcaingne dlí éagsúla. Déanann PIAB foráil iomlán le haghaidh costas dlí ionchais a bhaineann leis na cásanna atá fógartha dó (Nóta 10). Tá seans ann go ndéanfar roinnt cásanna breise a fhógairt do PIAB amach anseo a bhaineann le cinntí a rinneadh roimh an 31 Nollaig 2021. Ní féidir an éifeacht airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid sin d'éilimh a mheas.

## 12. Gealltanais Airgeadais

### Léasanna oibriúcháin

Tá úsáid á baint as PIAB as dhá urlár in An Teach Gráin, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh léasaithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus cosnaíonn an léas €188,554 sa bhliain agus tá téarma léasa fiche bliain bunaithe ar cuireadh tús leis in Aibreán 2004.

Ag an 31 Nollaig 2021 bhí na híosíocaíochtaí léasa todhchaíocha seo a leanas á ndéanamh ag PIAB faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | **188,554** | 188,554 |
| Iníoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana | **235,692** | 424,246 |
| Iníoctha i ndiaidh cúig bliana | **0** | 0 |
| | **424,246** | 612,800 |

Aithníodh íocaíochtaí léasa oibriúcháin mar chostas a bhí cothrom le €188,554 (2020: €188,555)

## 13. Gealltanais Chaipitil

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Conradh le haghaidh (Conradh Sínithe) | **156,600** | 0 |
| | **156,600** | 0 |

## 14 Cur Chuige Cuntasaíochta le haghaidh Sochair Scoir

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag PIAB dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe an scéim fostaithe in 2008. Faomhadh an scéim Pinsin Ranníocach Scoir do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, bíonn iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair").

Baineann roinnt saintréithe sonracha leis an scéim eiseamláireach (féach ar nóta 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta).

### Luacháil Achtúireach

Choimisiúnaigh PIAB luacháil achtúireach ar dhliteanais fabhraithe ag an dáta tuairiscithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) fabhraithe i rith na bliana. Tá an luacháil seo, a bhí bunaithe ar Mhodh Chreidiúint Réamh-mheasta an aonaid, bunaithe ar na foshuíomhanna seo a leanas:

| Ráta Bliantúil Gafa | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **1.70%** | 1.15% |
| Toimhde boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí) | **2.20%** | 1.50% |
| Méaduithe tuarastail | **3.45%** | 2.75% |
| Méaduithe ar an bpinsean stáit | **2.70%** | 2.00% |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Eiseamláireach | **2.95%** | 2.25% |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Aonair | **2.20%** | 1.50% |

Lena chois sin, tá na foshuíomhanna déimeagrafacha seo a leanas déanta amhail ag an 31 Nollaig 2021.

| Ionchas saoil ag 65 bliain d'aois | | |
|---|---|---|
| Fear atá 45 bliain d'aois faoi láthair | **25.3 years** | 25.2 years |
| Fear atá 65 bliain d'aois faoi láthair | **22.9 years** | 22.8 years |
| Bean atá 45 bliain d'aois faoi láthair | **26.2 years** | 26.2 years |
| Bean atá 65 bliain d'aois faoi láthair | **24.3 years** | 24.3 years |

Bunaithe ar an méid thuasluaite, tá luach láithreach na ndliteanas ag an dáta tuairiscithe cothrom le €41,365,000 [2020: €37,740,000], agus tá an costas seirbhíse (ríofa bunaithe ar na toimhdí thuasluaite) don bhliain cothrom le €1,956,000 [2020: €1,747,000].

## Anailís ar chostais phinsin iomlán gearrtha ar chaiteachas

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an fhostóra | **1,095,156** | 1,059,699 |
| Costas reatha ar sheirbhísí | **1,956,000** | 1,747,000 |
| Costas ar ús | **431,000** | 423,000 |
| Costas ar sheirbhísí roimhe seo | **0** | 0 |
| Coigeartú ar Chistiú Pinsin Státchiste Iarchurtha | **(2,387,000)** | (2,170,000) |
| Iomlán gearrtha ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | **1,095,156** | 1,059,699 |

* Áirítear sa Chostas Reatha ar Sheirbhísí ranníocaíochtaí fostaithe ar fiú €262,238 in 2021 agus €226,844 in 2020.

## Gluaiseacht sa ghlandhliteanas pinsin

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin ar 1 Eanáir | **37,741,000** | 34,003,000 |
| Costas Reatha ar Sheirbhísí | **1,956,000** | 1,747,000 |
| Costas ar ús | **431,000** | 423,000 |
| Costas ar sheirbhísí roimhe seo | **0** | 0 |
| Caillteannais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | **154,000** | 705,000 |
| Athrú ar Fhoshuíomhanna | **1,378,000** | 1,007,000 |
| Sochair íoctha i rith na bliana | **(294,000)** | (144,000) |
| Glandliteanas Pinsin ar 31 Nollaig | **41,366,000** | 37,741,000 |

## Stair dhliteanais scéime agus (ghnóthachain)/caillteanais ó thaithí

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn ag an luach reatha de dhliteanais sochair scoir. | **1,378,000** | 1,007,000 |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | **(3.3%)** | (2.7%) |
| Caillteannais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | **154,000** | 705,000 |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | **(0.4%)** | (1.9%) |
| **Dliteanais Scéime** | **41,366,000** | 37,741,000 |

## 15. Cúlchistí

| | Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | Cúlchiste Caipitil | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 4,891,999 | 2,700,000 | **7,591,999** |
| Easnamh don bhliain | (3,266,687) | 0 | **(3,266,687)** |
| * Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | 0 | (55,612) | **(55,612)** |
| Iarmhéid Deiridh | **1,625,312** | **2,644,388** | **4,269,699** |

## 16. Nochtadh Páirtithe Ábhartha

Déan tagairt do Nóta 3 le haghaidh achoimre ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht. De réir an Chóid Chleachtais Leasaithe 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Cóid Chleachtais i bhfeidhm ag an mBord do Chomhlachtaí Boird agus d'fhostaithe. Áirítear sna cóid seo treoir maidir le leas a nochtadh agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo sa bhliain atá i gceist leis na ráitis airgeadais seo.

## 17. Gnóthas Leantach

Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar PIAB ó thaobh cúrsaí oibríochtúla agus airgeadais de agus chuir sé isteach ar ghnáthphróisis ghnó agus ar ghnáthghníomhaíocht i rith na bliana. Ó thaobh cúrsaí airgeadais de, bhí tionchar suntasach ag laghdú líon iarratas éileamh díobhálacha a fuarthas ar staid airgeadais PIAB agus bhí easnamh ag deireadh na bliana de €3.3m in 2021. Is de bharr ár staid maidir le cúlchistí go rabhamar ábalta leanúint le hoibríochtaí.

Tá PIAB ag súil le leibhéal mar an gcéanna maidir le líon iarratas ar éilimh díobhála pearsanta in 2022. Beidh tionchar aige seo ar ioncam agus mar thoradh air sin, leanfaidh PIAB ag feidhmiú le heasnamh in 2022.

Tá measúnú déanta ag lucht bainistíochta PIAB ar an staid airgeadais reatha maidir le Covid-19 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar PIAB ar bhonn ghnóthais leantaigh. Tá an measúnú seo bunaithe ar roinnt foshuíomhanna tábhachtacha a d'fhéadfadh athrú agus a choimeádfar faoi athbhreithniú leanúnach ag an am éiginnte agus dúshlánach seo.

Bunaithe ar an measúnú reatha, tá bainistíocht PIAB den tuairim go mbeidh dóthain cúlchistí oibriúcháin reatha agus airgead ar láimh aige chun déileáil leis an easnamh oibriúcháin in 2022, agus ar an mbonn seo, leanfaidh oibríochtaí PIAB ar bhonn ghnóthais leantaigh don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2022 go dtí Márta 2023.

## 18. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh athrangú ar roinnt suimeanna don bhliain roimhe seo ar mhaithe le comhsheasmhacht le léiriú na bliana reatha.

Ní raibh tionchar ar bith ag an athrangú sin ar na torthaí a tuairiscíodh.

## 19. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 2 Meitheamh 2022.

# Faisnéis Ghinearálta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly | *(Cathaoirleach)* | |
| | Rosalind Carroll | *(POF)* | |
| | Walter Cullen | *Deireadh le Comhaltas an 29 Aibreán 2021* | |
| | Colette Crowne | | |
| | Margot Slattery | *Deireadh le Comhaltas an 29 Aibreán 2021* | |
| | Nuala Jackson | | |
| | An Dr Jean O'Sullivan | | |
| | Aengus Cummins | | |
| | Karen Furlong | | |
| | Cathal Lafferty | | |
| | John Shine | | |
| | Marion O'Brien | *Deireadh le Comhaltas an 8 Lúnasa 2021* | |
| **Oifig** | Grain House<br>Halla an Mhalartáin<br>Cearnóg Belgard Thuaidh T<br>amhlacht<br>Baile Átha Cliath 24<br>D24 PXW0 | | |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>An Port Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 | | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>4 – 6 Sráid Priorsgate<br>An Phríomhshráid,<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24<br>D24 XY66 | KBC Bank Ireland plc<br>Sráid Sandwith Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X489 | Ulster Bank Group<br>Cé Sheoirse<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 VR98 |
| **Aturnaetha** | Eversheds Sutherland<br>1 Earlsfort Centre<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X668 | | |
| **Suíomh gréasáin** | www.piab.ie | | |

Bord Measúnaithe
Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries*
*Assessment Board*

Fón: 0818 829 121
Ríomhphost: enquiries@piab.ie
Suíomh Gréasáin: www.piab.ie